
Seirbhís Thithe an Oireachtais

# An Plean Gníomhaíochta, 2024







Coimisiún Thithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas Commission



**Tithe an Oireachtais**
Teach Laighean
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath
D02 XR20

www.oireachtas.ie
Teil: +353 (0)1 6183000
Twitter: @OireachtasNews

**Déan ceangal linn**

**Íoslódáil an aip**

Download on the App Store

GET IT ON Google Play

Talamh móinéir fhiáin ag taobh Shráid Mhuirfean de Theach Laighean, arna chur ar bun ag Seirbhís Thithe an Oireachtais i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, chun tacú leis an bPlean um Pailneoirí uile-Éireann, 2021-2025.

# Clár an Ábhair


Réamhrá ón Ard-Rúnaí 2

Fís, Misean, Luachanna 4

Ráiteas faoi Luachanna 5

Torthaí Straitéiseacha agus Spriocanna 6

Gníomhartha agus Spriocanna Inghnóthaithe 8

- Toradh Straitéiseach 1 – Oireachtas Éifeachtach 8
- Toradh Straitéiseach 2 – Pobal an Oireachtais a dTugtar Tacaíocht mhaith dó agus atá Uilechuimsitheach 18
- Toradh Straitéiseach 3 – Oireachtas Oscailte, Rannpháirteach agus Inbhuanaithe 24
- Toradh Straitéiseach 4 – Oireachtas a ndearnadh Claochlú Digiteach air 33
- Toradh Straitéiseach 5 – I dTreo Oireachtas Dátheangach 38

Cairt Eagraíochta Sheirbhís Thithe an Oireachtais 41

# Réamhrá ón Ard-Rúnaí



**Peadar Ó Fionnagáin**
Cléireach na Dála
agus Ard-Rúnaí

Tá áthas orm *An Plean Gníomhaíochta, 2024* do Sheirbhís Thithe an Oireachtais (an tSeirbhís) a chur i láthair. Is é seo an plean deiridh de thrí phlean gníomhaíochta bhliantúla atá dírithe ar an bhfís atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach, 2022-2024 a chur i gcrích. Is éard atá san fhís sin:

> ***'Oireachtas a oibríonn go héifeachtach don Phobal.'***

Leantar den chlár oibre atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta, 2024 a mhúnlú lenár misean:

> ***'Seirbhís pharlaiminteach nuálach shofhreagrach a thacaíonn go mórtasach le Tithe an Oireachtais le linn a bhfeidhmeanna bunreachtúla a chomhall, a thugann tacaíocht do na comhaltaí mar pharlaiminteoirí agus mar ionadaithe an Phobail, agus a chuireann Oireachtas inrochtana gníomhach chun cinn.'***

Déanfar leis an bplean gníomhaíochta seo cinntí a threorú le linn tacaíocht a sholáthar do Thithe an Oireachtais, dá gCoistí agus do chomhaltaí na dTithe.  Le linn tascanna, spriocanna, freagrachtaí agus idirspleáchas na Seirbhíse a shainaithint don bhliain 2024, cuireann an plean seo leis an obair a rinneadh in 2023 agus lena bhfuil bainte amach againn i gcaitheamh na bliana sin, agus cuirfear an méid sin i láthair níos déanaí i mbliana sa dara Tuarascáil faoin dul chun cinn atá déanta ar an bPlean Straitéiseach, 2022-2024 a chur i ngníomh, a bheidh mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin.

Is iad seo na cúig thoradh straitéiseacha ardleibhéil a bhféachfaidh an tSeirbhís lena mbaint amach, faoin *bPlean Straitéiseach, 2022-2024*, agus atá ina dtreoir don *Phlean Gníomhaíochta, 2024*:

1. **Oireachtas Éifeachtach**
2. **Pobal Oireachtais Uilechuimsitheach a dTugtar Tacaíocht Mhaith dó**
3. **Oireachtas Oscailte, Rannpháirteach agus Inbhuanaithe**
4. **Oireachtas a ndearnadh Claochlú Digiteach air**
5. **I dTreo Oireachtas Dátheangach.**

Beidh próiseas athbhreithnithe leanúnaigh mar aon le tuairisciú ráithiúil mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí Oireachtais agus Seirbhíse ina mbonn is ina dtaca le cur i ngníomh an *Phlean Gníomhaíochta, 2024* (féach an ghrafaic faisnéise thíos). Beidh an cur chuige comhtháite sin, mar aon le heolas agus taithí ár bhfoirne, ina gcabhair dúinn chun  ár gcultúr nuálaíochta, uilechuimsitheachta agus freagrúlachta a fhorbairt tuilleadh.


Tá ár Straitéis Cibearshlándála á cur i gníomh ar bhonn leanúnach agus beidh sin ina chabhair dúinn agus Oireachtas athléimneach á chruthú againn.  Is tríd ár gClár um an gClaochlú Digiteach agus ár gcleachtais oibre cumaiscthe a fhorbairt tuilleadh a chuirfear taca faoi éifeachtacht eagraíochtúil agus folláine ár bpobail. Tapóimid an deis freisin in 2024 scrúdú

a dhéanamh ar an tslí ina bhféadfar úsáid fhreagrach a bhaint as an Intleacht Shaorga (IS) ar shuíomh an Oireachtais trí dhá thionscadal úsáide IS a chur i ngníomh, is tionscadail phíolótacha bheaga iad.


Beidh ár Straitéis um Chumarsáid Inmheánach ina cabhair dúinn chun an tslí a ndéanaimid cumarsáid ar fud na heagraíochta a fheabhsú tuilleadh. Beidh ár Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Uilechuimsitheacht mar bhonn tábhachtach faoinár n-iarrachtaí chun ár bPobal Oireachtais a leathnú. Tríd is tríd, beidh an *Plean Gníomhaíochta, 2024* ina chabhair don tSeirbhís freagairt go rathúil ar dhúshláin agus deiseanna leanúnacha agus orthu siúd a thiocfaidh chun cinn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine as an obair atá déanta acu i gcaitheamh na bliana agus as a n-iarrachtaí chun ár ngníomhartha straitéiseacha agus ár spriocanna inghnóthaithe don bhliain 2024 a shainaithint. Is céim thábhachtach eile é an plean gníomhaíochta seo i dtreo ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, i gcomhthéacs timpeallacht oibriúcháin atá ag athrú go tapa.

Táim ag tnúth le bheith ag obair libh go léir ar an sceideal gníomhaíochtaí seo i rith na bliana 2024.



**Peadar Ó Fionnagáin**
Cléireach na Dála agus Ard-Rúnaí




**Creat Pleanála Straitéisí**

# Fís, Misean, Luachanna

**Fís**

Oireachtas a Oibríonn go hÉifeachtach don Phobal.

**Misean**

Seirbhís nuálaíoch agus fhreagrúil an Oireachtais a thacaíonn go mórtasach le Tithe an Oireachtais chun a bhfeidhmeanna bunreachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach; a thacaíonn leo sin is comhaltaí an Oireachtais agus ionadaithe an phobail iad; agus a chuireann Oireachtas inrochtana agus rannpháirteach chun cinn.

**Luachanna**

- Neamh-chlaonta
- Cuntasach
- Uilechuimsitheach
- Dírithe ar Dhaoine
- Comhghleacúil
- Nuálaíoch

**Toradh Straitéiseach 1**
Oireachtas Éifeachtach

**Toradh Straitéiseach 2**
Pobal Oireachtais Uilechuimsitheach a dtugtar Tacaíocht Mhaith dó

**Toradh Straitéiseach 3**
Oireachtas atá oscailte, rannpháirteach agus inbhuanaithe

**Toradh Straitéiseach 4**
Oireachtas a ndearnadh Claochlú Digiteach air

**Toradh Straitéiseach 5**
I dTreo Oireachtas Dátheangach

# Ráiteas faoi Luachanna

## Neamhchlaonta

- Soláthraimid comhairle agus seirbhísí neamhchlaonta do gach comhalta, ag baint úsáid as eolas, scileanna agus saineolas ár ndaoine, chun tacú leo ina bhfeidhmeanna Oireachtais.
- Iompraímid muid féin le hionracas sa teagmháil lenár bpáirtithe leasmhara go léir.
- Déanaimid a chinntiú go bhfuil rochtain ag an bpobal ar fhaisnéis agus ar acmhainní a bhaineann le himeachtaí Thithe an Oireachtais.

## Uilechuimsitheach

- Cuirimid cultúr comhionannais, éagsúlachta agus uilechuimsitheachta chun cinn d'fhonn pobal an Oireachtais a bhunú ina léireofar an éagsúlacht atá i sochaí na hÉireann.
- Déanaimid ár ndícheall timpeallachtaí fisiciúla agus digiteacha atá inrochtana, uilechuimsitheach agus deartha do chách a chothabháil.
- Cruthaímid deiseanna do ghrúpaí nach bhfuil dóthain ionadaíochta acu chun gur féidir leo bheith rannpháirteach le pobal an Oireachtais.

## Comhghleacúil

- Aithnímid an luach a bhaineann le comhghleacaíocht agus le héiteas tacaíochta frithpháirtí chun barr feabhais foirne agus sásamh poist a chothú.
- Creidimid in áit oibre atá cóir, ina spreagtar rannpháirtíocht ó gach aon duine agus ina bhfuil meas ar a ndéanann pearsana aonair agus tuiscint ar an luach a bhaineann leis sin.
- Is luachmhar linn ceannaireacht, obair foirne, comhoibriú agus cumarsáid agus ár n-eagraíocht á forbairt ó thaobh méide agus castachta de.

## Cuntasach

- Táimid cuntasach as a ndéanaimid agus míneoimid gach cinneadh arna dhéanamh againn.
- Aithnímid go bhfuil airgead poiblí curtha faoinár gcúram agus táimid tiomanta do chaighdeáin arda ó thaobh airgeadas poiblí a bhainistiú agus ó thaobh rialachas corparáideach de.

## Dírithe ar Dhaoine

- Aithnímid gurb iad ár ndaoine an tsócmhainn is fearr atá againn agus déanaimid ár ndícheall timpeallacht oibre a chruthú ina dtugtar tacaíocht do phobal an Oireachtais ó thaobh a fholláine de.
- Táimid tiomanta do chultúr dínite agus measa a chur chun cinn agus tacú leis ar fud phobal an Oireachtais.
- Spreagaimid forbairt agus foghlaim phearsanta agus tacaímid leo.
- Is mór againn na daoine go léir atá rannpháirteach sa tSeirbhís agus tá meas againn orthu.

## Nuálaíoch

- Is luachmhar linn cultúr nuálaíochta chun caighdeán ár seirbhísí a fheabhsú go leanúnach.
- Cuirimid spéis i smaointe agus cuir chuige nua chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ghnó.
- Leanaimid dár gcumas sa teicneolaíocht dhigiteach a fhorbairt agus a fheabhsú.

# Torthaí Straitéiseacha agus Spriocanna

## 1

**Oireachtas Éifeachtach**

1. Tacaíocht agus comhairle a thabhairt do Dháil Éireann, do Sheanad Éireann, do Choistí Oireachtais agus dá gcomhaltaí chun cabhrú leo a ngnó a dhéanamh go héifeachtach.
2. Tionscnaimh a chur chun cinn d'fhonn tacú le próiseas reachtach éifeachtach i nDáil Éireann, i Seanad Éireann agus i gCoistí Oireachtais.
3. Seachadadh seirbhísí taighde, anailíse agus faisnéise a neartú chun tacú le feidhmeanna reachtacha, maoirseachta agus grinnscrúdaithe na dTithe, na gCoistí Oireachtais agus na gcomhaltaí.
4. A chinntiú go ndéanfar seirbhísí tacaíochta den scoth a sheachadadh ar chomhaltaí i dtimpeallacht oibre atá ag athrú.
5. Ardchaighdeáin ghairmiúlachta agus rialachais chorparáidigh a áirthiú.

## 2

**Pobal an Oireachtais Uilechuimsitheach a dtugtar Tacaíocht mhaith dó**

1. Sláinte, folláine agus athléimneacht phobal an Oireachtais a chur chun cinn agus tacú leis.
2. Ár modh oibre a athshamhlú agus cleachtais oibre cumaiscthe atá solúbtha agus nuálaíoch a chur i ngníomh.
3. Tacaíocht leanúnach agus deiseanna forbartha a sholáthar chun a chinntiú gur fostóir den scoth sinn.
4. Ár gcultúr dínite agus measa, éagsúlachta agus uilechuimsitheachta a neartú.
5. Straitéis a fhorbairt chun na moltaí san Fhóram maidir le hOireachtas a Thacaíonn le Teaghlaigh agus atá Uilechuimsitheach a chur i ngníomh.
6. Timpeallacht fhisiciúil atá sábháilte, slán agus inrochtana a sholáthar ina ndéantar freastal ar riachtanais phobal an Oireachtais.

**3**

**Oireachtas Oscailte, Rannpháirt-each agus Inbhuanaithe**

1. Rannpháirtíocht an phobail le Tithe an Oireachtais a neartú, lena n-áirítear rannpháirtíocht trí theicneolaíochtaí cumarsáide digití a úsáid.
2. Ár gclár oideachais d'institiúidí bunscoile, iarbhunscoile agus tríú leibhéal a fhorbairt tuilleadh.
3. Cartlann Oireachtais lárnaithe a bhunú chun na doiciméid a chuireann Tithe an Oireachtais amach a chosaint agus a chaomhnú.
4. Ár rannpháirtíocht le Ranna Rialtais a fheabhsú.
5. Ár gcaidreamh leis an Aontas Eorpach, leis an Ríocht Aontaithe agus ár gcaidreamh idirnáisiúnta eile a láidriú.
6. Tacú leis an Straitéis um Dhícharbónú san Earnáil Phoiblí agus leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2021 a sheachadadh agus le tionscnaimh bhithéagsúlachta a chur i ngníomh.

---

**4**

**Oireachtas a ndearnadh Claochlú Digiteach air**

1. Leanúint dár gcunas chibearshlándála a chur chun cinn.
2. Cur i ngníomh an Chláir um an gClaochlú Digiteach a chur chun cinn.
3. Leanúint le réitigh nuálaíocha a chur i ngníomh chun ár mbonneagar teicniúil a nuachóiriú i gcomhthéacs múnla oibre cumaiscthe.
4. Tacaíochtaí teicniúla atá éifeachtach agus freagrúil a sholáthar chun a chinntiú go mbeidh athléimneacht agus leanúnachas seirbhíse inár gcórais dhigiteacha.

---

**5**

**I dTreo Oireachtas Dátheangach**

1. Leanúint de Phlean Rannóg 2024 a chur i ngníomh arb é an cuspóir atá leis tiontuithe oifigiúla ar Achtanna an Oireachtais a fhoilsiú go tráthúil agus riaráistí stairiúla a ghlanadh.
2. Staidéar comparáideach ar pharlaimintí dátheangacha a sheoladh le cur ar ár gcumas dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Oireachtas dátheangach.
3. Méadú de réir a chéile ar an méid Gaeilge a labhraítear sa dá Theach a éascú.
4. An líon foirne dátheangach sa tSeirbhís a mhéadú de réir a chéile.
5. Tionscnaimh a fhorbairt chun tacú le comhaltaí agus daoine den fhoireann a n-inniúlacht sa Ghaeilge labhartha a chothabháil agus a fheabhsú.
6. Clár um an 'Dátheangachas tríd an Teicneolaíocht' a ghlacadh don tSeirbhís.

---

# Gníomhartha agus Spriocanna Inghnóthaithe

## Toradh Straitéiseach 1 – Oireachtas Éifeachtach

**Sprioc Straitéiseach 1.1: Tacaíocht agus comhairle a thabhairt do Dháil Éireann, do Sheanad Éireann, do Choistí Oireachtais agus dá gcomhaltaí chun cabhrú leo a ngnó a dhéanamh go héifeachtach.**

| 1.1. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Tacaíochtaí agus comhairle ar ardchaighdeán i dtaobh nósanna imeachta a sholáthar don Dáil, don Cheann Comhairle agus do na Teachtaí Dála. | Seirbhísí Tí<br>*Oifig na nImeachtaí*<br>*Oifig na mBillí*<br>*Oifig na gCeisteanna* | R4 |
| **2** | Tacaíochtaí agus comhairle ar ardchaighdeán i dtaobh nósanna imeachta a sholáthar don Seanad, don Chathaoirleach agus do na Seanadóirí. | Oifig an tSeanaid<br>*Oifig na mBillí* | R4 |
| **3** | Leanúint de fheabhas a chur ar chórais bainistíochta eolais amhail Treoir na gCléireach agus ar an bpróiseas grinnscrúdaithe airgeadais:<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid nóis imeachta ríthábhachtacha agus a chinntiú go gcuirfear oiliúint ar chomhaltaí foirne maidir le córais riaracháin dhigiteacha. | Seirbhísí Tí<br>*Coistí*<br>*Oifig an tSeanaid* | R4 |
| **4** | Leanúint de phlean um chur i ngníomh a fhorbairt don *Straitéis um Chumas Nóis Imeachta* trí na nithe seo a leanas:<br>• Idirghabhálacha oiliúna bliantúla a mheas agus a sheachadadh le haghaidh Cléireach, Cathaoirleach, fhoireann na Seirbhíse, comhaltaí foirne polaitíochta agus Ranna Rialtais.<br>• Straitéis um bainistiú eolais nóis imeachta a fhorbairt, chun athbhreithniú ar chórais bainistíochta eolais a chur san áireamh in oifig nóis imeachta, agus leas cuí a bhaint as an teicneolaíocht chun tacú leis an mbainistiú eolais nóis imeachta.<br>• Tacaíocht a thabhairt don fhoireann Seirbhísí Tí chun tacaíocht chuí agus clúdach cuí a sholáthar le haghaidh shuíonna na Dála (trí rótaí a leagan amach, pleanáil i dtaobh saoire bliantúla).<br>• Beartas soghluaiseachta agus pleanáil gairme/comharbais le haghaidh réimsí nóis imeachta a fhorbairt. | Seirbhísí Tí<br>*An tAonad Forbartha Nósanna Imeachta*<br>*Seirbhísí AD* | R4 |
| **5** | Athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí an athbhreithnithe ar chóras vótála leictreonaí sheomra na Dála a chur i ngníomh. | Seirbhísí Tí<br>*Oifig na nImeachtaí*<br>*TFC* | R4 |
| **6** | Leanúint de thacaíocht a thabhairt don chlár um Athleasú na Dála trí ionchur a sholáthar don Choiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála, mionteagaisc a sholáthar, más gá sin, agus éifeachtúlacht na gCoistí a imscrúdú. | Seirbhísí Tí<br>*Coistí* | R4 |

| Sprioc Straitéiseach 1.1: Tacaíocht agus comhairle a thabhairt do Dháil Éireann, do Sheanad Éireann, do Choistí Oireachtais agus dá gcomhaltaí chun cabhrú leo a ngnó a dhéanamh go héifeachtach. | | | |
|---|---|---|---|
| **1.1.** | **Gníomh** | **Ceannaireacht** *Tacaíocht* | **Seachadadh** |
| **7** | Athbhreithniú a dhéanamh (a) ar struchtúr, formáid agus rialacha nóis imeachta atá mar bhonn taca le córas coistí an Oireachtais ('Athbhreithniú ar Struchtúir'), agus (b) ar an tionchar ar bheartas an Rialtais sa 33ú Dáil, ina leagfar béim ar thorthaí (Athbhreithniú ar Thionchar'):<br>• Creat Cumasúcháin i gcomhair Coistí Oireachtais Éifeachtacha (R1) [SLaT, le hionchur ón Aonad Comhordaithe].<br>• Cleachtaí Braite Margaidh maidir le 'Athbhreithniú ar Thionchar' a mheas (R1) (An tAonad Comhordaithe).<br>• Modheolaíocht phíolótach i gcomhair 'Athbhreithniú ar Thionchar' (R2) [An tAonad Comhordaithe, le hionchur ó SLaT].<br>• Iarrataí ar Thairiscintí a athmheas agus a sheoladh le haghaidh 'Athbhreithniú ar Thionchar' (i ndiaidh 2024) [An tAonad Comhordaithe]. | Coistí<br>Aonad Comhordaithe na gCoistí<br>SLaT (An tSeirbhís Taighde Pharlaimint-each) | R2 |
| **8** | Leanúint de mholtaí a comhaontaíodh i dtaobh athleasú an Oireachtais, tacú leo agus iad a chur i ngníomh:<br>• Díospóireacht ar Thuarascálacha ó na Coistí, lena n-áirítear a cheadú don Chathaoirleach Dála ar Choiste a bheith i láthair agus labhairt i dtaobh na tairisceana sa Seanad.<br>• Díospóireachtaí ag Rolla na nGairmeacha/na nOllscoileanna i dtaobh tairiscint a thairgeann Seanadóir a toghadh do Rolla/Ollscoil áirithe agus tosaíocht labhartha á tabhairt do Sheanadóirí a toghadh don Rolla/Ollscoil áirithe.<br>• Teagmháil le Parlaimint na hEorpa trí Chomhaltaí Éireannacha de Pharlaimint na hEorpa do thabhairt aitheasc do Sheanad Éireann.<br>• Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair Choiste an tSeanaid um Ghrinnscrúdú AE. | Oifig an tSeanaid | R4 |
| **9** | Bailiúchán comhsheasmhach de Bhuan-Orduithe agus de Rialuithe do Chléirigh ar an Dáil, ar an Seanad agus ar na Coistí a fhorbairt agus tacú le bailiúchán den sórt sin a chothabháil.<br>• Páirt a ghlacadh san athbhreithniú ar na Buan-Orduithe agus bainistiú na rialuithe agus bailiú riachtanas le haghaidh réitigh bainistíochta dhigitigh. | *Oifig na nImeachtaí*<br>*Oifig an tSeanaid*<br>*Na Coistí* | R4 |
| **10** | Comhairle dlí agus seirbhísí dlí a sholáthar don Cheann Comhairle, don Chathaoirleach, do Chléireach Dháil Éireann, do Chléireach Sheanad Éireann agus do Choistí uile an Oireachtais. | OCDP | R4 |
| **11** | Comhairle dlí agus seirbhísí dlí a sholáthar do Sheirbhís Thithe an Oireachtais chun tacú le seirbhísí a sheachadadh ar na Tithe. | OCDP | R4 |
| **12** | Seoladh dlíthíochta a bhaineann leis na Tithe agus lena gCoistí a bhainistiú. Seirbhísí aturnaetha a sholáthar agus seirbhísí Abhcóidí a fháil chun dlíthíocht a sheoladh. | OCDP | R4 |
| **13** | Seoladh dlíthíochta a bhaineann le Coimisiún Thithe an Oireachtais (an Coimisiún) agus leis an tSeirbhís a bhainistiú. Seirbhísí aturnaetha a sholáthar agus seirbhísí Abhcóidí a fháil chun dlíthíocht a sheoladh. | OCDP | R4 |
| **14** | Tuairisc Oifigiúil na Dála, an tSeanaid, na gCoistí agus na bhFreagraí i Scríbhinn a ullmhú agus a fhoilsiú go tráthúil. | Oifig na nDíospóireachtaí<br>*Oifig na gCeisteanna* | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 1.1: Tacaíocht agus comhairle a thabhairt do Dháil Éireann, do Sheanad Éireann, do Choistí Oireachtais agus dá gcomhaltaí chun cabhrú leo a ngnó a dhéanamh go héifeachtach.

| 1.1. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **15** | An cumas tuairisciú a dhéanamh ar imeachtaí sa dá theanga oifigiúil a chothabháil agus a fhorbairt. | Oifig na nDíospóireachtaí | R4 |
| **16** | Seirbhís aistriúcháin thráthúil agus éifeachtach a sholáthar do ghnó na Dála, an tSeanaid agus na gCoistí. | Rannóg | R4 |
| **17** | Straitéis a fhorbairt maidir le ról fadtéarmach Aonad Foilsitheoireachta an Oireachtais, ina ndéanfar breithniú ar sheirbhís priontála dhigiteach intí. | An tAonad Foil-sitheoireachta Parlaiminteach | R4 |
| **18** | Leanúint de thacaíocht a thabhairt don Dáil, don Seanad agus dá gCoistí ó thaobh cur le dea-fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na dualgais a shanntar ar Pharlaimintí Náisiúnta i gConradh Liospóin, trí na nithe seo a leanas:<br>• Anailís iomchuí agus comhairle maidir le tograí reachtaíochta AE a sholáthar do chomhaltaí agus do Choistí Earnála chun cuidiú leo tograí a imscrúdú agus seiceálacha coimhdeachta a dhéanamh.<br>• Tacaíocht a thabhairt do Shealbhóirí Oifige agus do chomhaltaí a bheith páirteach i gcomhdhálacha imscrúdaithe bunaithe ar Chonarthaí AE agus i gcomhdhálacha idirpharlaiminteacha arna n-óstáil ag Parlaimint na hEorpa. | Ionadaí na bParlaimintí Náisiúnta in AE<br>*Coistí* | R4 |
| **19** | Breithniú a dhéanamh ar an gclár imeachtaí agus acmhainní a mbeidh gá leo i gcomhair Uachtarántacht AE, 2026 agus ar chás gnó, de réir mar is gá. | Coistí<br>Ionadaí na Parlaiminte Náisiúnta in AE<br>*An Fhoireann um Rannpháirtíocht an Phobail* | R2 |

## Sprioc Straitéiseach 1.2: Tionscnaimh a chur chun cinn d'fhonn tacú le próiseas reachtaíochta éifeachtach i nDáil Éireann, Seanad Éireann agus sna Coistí Oireachtais.

| 1.2. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Tuarascáil a thabhairt don Choiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála maidir leis an athbhreithniú a rinneadh ar athleasuithe 2022 ar na nósanna imeachta i dtaobh grinnscrúdú réamhreachtach ag na Comhchoistí ar dhréacht-Bhillí Rialtais. | *Na Coistí*<br>*Seirbhísí Tí*<br>*SLaT* | R1 |
| **2** | Tuarascáil fhíorasach/staitistiúil a sholáthar don Choiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála maidir le cur i gníomh an Mheabhráin Tuisceana idir Dáil Éireann agus an Rialtas maidir le Billí Comhaltaí Príobháideacha (BCPanna) sa Dáil reatha. | *Seirbhísí Tí*<br>*Oifig na mBillí*<br>*SLaT*<br>*OCDP* | R3 |
| **3** | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar nósanna imeachta Oifig na mBillí le haghaidh reachtaíocht a bhainistiú. | Oifig na mBillí | R4 |
| **4** | Seirbhísí comhairle dlí agus dréachtaithe reachtaíochta a sholáthar i leith BCPanna. | OCDP | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 1.2: Tionscnaimh a chur chun cinn d'fhonn tacú le próiseas reachtaíochta éifeachtach i nDáil Éireann, Seanad Éireann agus sna Coistí Oireachtais.

| 1.2. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **5** | Seirbhísí comhairle dlí a sholáthar do chomhaltaí aonair agus do na Coistí i dtaobh Grinnscrúdú ar BCPanna roimh Chéim an Choiste. | OCDP | R4 |
| **6** | Comhairle agus tacaíocht dlí a sholáthar do chomhaltaí agus do na Coistí maidir le scrúdú agus tástáil bheartais an Rialtais. | OCDP | R4 |
| **7** | Seirbhís Anailíse Reachtaíochta (SAR) a sholáthar i leith Billí Rialtais agus BCPanna:<br>• Moltaí a eascraíonn as athbhreithniú inmheánach ar SLaT a chur i ngníomh. | SLaT (An tSeirbhís Taighde Pharlaiminteach) | R4 |
| **8** | Taighde a dhéanamh ar nósanna imeachta agus cleachtas an Oireachtais:<br>• Clár taighde ar nósanna imeachta agus cleachtas an Oireachtais a sholáthar, lena n-áirítear taighde chun tacú le clár oibre an Choiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála.<br>• Staidéar turgnamhach a chur i gcrích agus a fhoilsiú chun tionchar BCPanna ar thorthaí reachtacha agus beartais a mheasúnú (R1). | SLaT (An tSeirbhís Taighde Pharlaiminteach)<br>*Coistí*<br>*Seirbhísí Tí* | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 1.3: Seachadadh seirbhísí taighde, anailísithe agus faisnéise a neartú d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'fheidhmeanna reachtacha, formhaoirsithe agus grinnscrúdaithe na dTithe, Choistí an Oireachtais agus na gcomhaltaí.

| 1.3. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Seirbhísí taighde sofhreagracha a sheachadadh chun tacú leis na Tithe, le Coistí an Oireachtais agus leis na comhaltaí, lena n-áirítear:<br>• Anailís reachtaíochta agus seirbhís taighde roghnach chun tacú le clár oibre Choistí an Oireachtais.<br>• Seirbhís taighde choimisiúnaithe le haghaidh comhaltaí aonair.<br>• Clár taighde tráthúil le haghaidh gach comhalta.<br>• Clár agus straitéis rannpháirtíochta acadúla, a bheidh i gcomhréir leis an straitéis um rannpháirtíocht an phobail, ionas go mbeidh taighde ceannródaíoch ar fáil do chomhaltaí. | SLaT (An tSeirbhís Taighde Pharlaiminteach) | R4 |
| **2** | Seirbhísí leabharlainne cuí a sholáthar chun tacú leis na Tithe, le Coistí an Oireachtais agus leis na comhaltaí, lena n-áirítear:<br>• Seirbhís tagartha le haghaidh comhaltaí aonair.<br>• Clár scileanna faisnéise a bheidh dírithe ar fhoireann na gcomhaltaí, OBP, STP, OCDP agus Rúnaireacht na gCoistí.<br>• Seirbhísí faireacháin preasa iomchuí agus sofhreagracha a fháil.<br>• Ábhar údarásach inrochtana a fháil.<br>• An próiseas Docs Laid a bhainistiú. | SLaT (An tSeirbhís Taighde Pharlaiminteach) | R4 |
| **3** | Togra a ullmhú le haghaidh reachtaíocht chun uasdátú a dhéanamh ar an Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais i ndáil le ceisteanna a bhaineann le rochtain ar shonraí nach bhfuil réiteach orthu go fóill. | OBP<br>*OCDP* | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 1.3: Seachadadh seirbhísí taighde, anailísithe agus faisnéise a neartú d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'fheidhmeanna reachtacha, formhaoirsithe agus grinnscrúdaithe na dTithe, Choistí an Oireachtais agus na gcomhaltaí.

| 1.3. | Gníomh | Ceannaireacht<br>*Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **4** | Prótacal i dtaobh rannpháirtíochta a fhorbairt tuilleadh le haghaidh OBP chun anailís agus comhairle eacnamaíoch agus bhuiséadach a sholáthar do Choistí an Oireachtais, agus réimsí a shainaithint agus a chomhaontú chun feasacht ar sheirbhísí a sholáthraíonn OBP a mhéadú.<br>• Leanúint d'anailís agus comhairle eacnamaíoch agus bhuiséadach a sholáthar do na comhaltaí agus do na Coistí trí ábhar i scríbhinn, cuir i láthair, fiosruithe díreacha agus láithriú os comhair Coistí i seisiún príobháideach.<br>• Tacaíocht OBP le haghaidh Coistí a fhorbairt trí úsáid a bhaint as Creat Féilire Bhuiséadaigh. | OBP<br>*Na Coistí* | R4 |
| **5** | Leanúint de chumas laistigh de OBP a fhorbairt chun seirbhís um anailís costála beartais a sholáthar, a bheidh ar ardchaighdeán agus ar fáil ó cheann ceann na bliana, le haghaidh aighneachtaí buiséid agus scáthbhuiséid de chuid na bpáirtithe polaitíochta:<br>• Na príomhchumais agus an creat a mbeidh gá leis a chur ar bun chun seirbhísí costála a bheidh oiriúnaithe le haghaidh Olltoghcháin, a d'fhéadfadh a bheith ann, a thairiscint. | OBP | R4 |
| **6** | Leanúint den fheidhm Comhairle Beartais a fhorbairt i gcomhair Choistí an Oireachtais trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>• Próisis chomhaontaithe a chur i ngníomh chun Comhairleoirí Beartais a ionduchtú agus oiliúint a chur orthu ar bhonn leanúnach.<br>• Naisc agus comhordú idir feidhm Comhairle Beartais na gCoistí agus SLaT agus OBP a neartú. | Na Coistí<br>*An tAonad Comhordaithe*<br>*OBP*<br>*SLaT (An tSeirbhís Taighde Pharlaiminteach, agus Leabharlann an Oireachtais)* | R4 |
| **7** | Barr feabhais a chur agus rianaithe cásanna agus próisis bhainistithe Oifig na mBillí maidir le BCPanna agus Teachtaireachtaí Airgid agus i ndáil le grinnscrúdú réamhreachtach. | Oifig na mBillí<br>*Coistí*<br>*An tAonad Comhordaithe* | R4 |
| **8** | Leanúint de shraith múnlaí le haghaidh anailísí maicreacnamaíocha, airgeadais phoiblí agus costála beartais a fhorbairt chun cumas anailíseach OBP a fheabhsú agus caighdeán na seirbhísí a mhéadú tuilleadh.<br>Ár múnlaí agus cumais ríthábhachtacha a chothabháil (e.g. Creat DSA, múnla cánach neamhdhírí, etc.). Leanúint de bheith ag cothabháil trédhearcachta trí pháipéir oibre a fhoilsiú ina léirítear ár múnlaí agus ár gcur chuige modheolaíochta). | OBP | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 1.4: A chinntiú go ndéanfar seirbhísí tacaíochta ar ardchaighdeán a sheachadadh ar na comhaltaí i dtimpeallacht oibre atá ag athrú.

| 1.4. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Na caighdeáin is airde a choimeád ó thaobh seirbhís do chustaiméirí a sheachadadh i ndáil leis na gníomhaíochtaí uile a dhéanann an tIonad Ilfhreastail (IIF), lena n-áirítear leaganacha leictreonacha de na córais reatha páipéar-bhunaithe a chur i ngníomh. | IIF | R3 |
| **2** | Na caighdeáin is airde a chothabháil agus a fheabhsú ó thaobh seirbhís do chustaiméirí a sheachadadh i ndáil leis na gníomhaíochtaí lónadóireachta uile.<br>• Córas Bainistithe Cáilíochta deimhnithe le haghaidh lónadóireachta a chur i ngníomh. | Lónadóireacht | R3 |
| **3** | Cleachtais oibríochtúla a athbhreithniú ionas gur fearr an tseirbhís a thairgfear do chustaiméirí uile na mBeár agus na mBialann, lena n-áirítear:<br>• Nósanna imeachta sainfhála a athbhreithniú.<br>• Córas rialaithe stoic éifeachtach a chur i ngníomh go hiomlán. | Lónadóireacht | R3 |
| **4** | Suirbhé a dhéanamh ar na comhaltaí chun a dtuairimí a fháil maidir leis an raon seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi láthair. | IIF<br>*Lónadóireacht* | R3 |
| **5** | Faisnéis agus comhairle reatha a sholáthar do chomhaltaí ina gcáil mar fhostóirí. | AD do na Comhaltaí | R4 |
| **6** | Uasdátuithe a chur i gcrích ar leabhrán na Scéime, Treoir na bhFostóirí agus an Treoir Ionduchtúcháin a eiseofar roimh an chéad Olltoghchán eile. | AD do na Comhaltaí<br>*OCDP* | R3 |
| **7** | Tograí a chur faoi bhráid Choimisiún an Oireachtais lena gceadú i leith an athbhreithnithe ar an modheolaíocht i ndáil le foireann a leithroinnt ar pháirtithe polaitíochta (don 34ú Dáil). | AD do na Comhaltaí | R1 |
| **8** | Na caighdeáin is airde ó thaobh seirbhís do chustaiméirí de a choinneáil i ndáil leis na gníomhaíochtaí a dhéanann an tAonad Pinsin (comhaltaí agus státseirbhísigh):<br>• Leaganacha leictreonacha de na foirmeacha páipéar-bhunaithe reatha le haghaidh toghcháin a bhaineann le pinsin a fhorbairt, a thástáil agus a chur i ngníomh (R4). | Rannóg Pinsean na gComhaltaí<br>An Fhoireann Pinsin, AD | R4 |
| **9** | Seisiúin faisnéise a sheachadadh ar chomhaltaí i ndáil le teidlíochtaí pinsean faoi Scéim Pinsean Thithe an Oireachtais (Comhaltaí) agus Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí. | Rannóg Pinsean na gComhaltaí | R2 |
| **10** | Maoirseacht a dhéanamh ar Phlean Toghcháin na Seirbhíse a chur i ngníomh agus comhordú a dhéanamh maidir le socruithe na gcéad laethanta chun fáilte a chur roimh chomhaltaí nua agus iad a ionduchtú (ag brath ar chúrsaí toghcháin). | AD do na Comhaltaí<br>Lónadóireacht<br>TFC<br>An tAonad Cumarsáide (An Oifig Preasa agus an Fhoireann Meán Sóisialta)<br>ABS | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 1.4: A chinntiú go ndéanfar seirbhísí tacaíochta ar ardchaighdeán a sheachadadh ar na comhaltaí i dtimpeallacht oibre atá ag athrú.

| 1.4. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **11** | Teidlíochtaí Foirceanta agus Pinsean a riaradh (ag brath ar chúrsaí toghcháin) | Rannóg Pinsean na gComhaltaí<br>Tuarastail<br>IIF | R4 |
| **12** | Athruithe ar an bhfoireann polaitíochta a riaradh (ag brath ar chúrsaí toghcháin):<br>• Foirceantaí agus comhaltaí foirne nua.<br>• Teidlíochtaí téarfa do chomhaltaí foirne | AD do na Comhaltaí<br>Tuarastail | R4 |
| **13** | Leanúint d'anailís agus comhairle eacnamaíoch agus bhuiséadach a sholáthar do na comhaltaí agus do na Coistí, lena n-áirítear oiliúint. Taighde agus anailís a bhaineann le costáil a sholáthar do na comhaltaí agus do na páirtithe polaitíochta. | OBP | R4 |
| **14** | An tSeirbhís Aistriúcháin Comhfhreagrais do chomhaltaí a sheachadadh go tráthúil. | Rannóg | R4 |
| **15** | Leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar ár gcumas an Tuarascáil Oifigiúil a chur i dtoll a chéile go tráthúil agus de réir an chaighdeáin is airde. | Oifig na nDíospóireachtaí | R4 |
| **16** | Leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar an bpróiseas chun an Tuarascáil Oifigiúil a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú d'fhonn a chinntiú go mbeidh rochtain i bhformáidí iolracha ag lucht a húsáide. | Oifig na nDíospóireachtaí<br>*TFC* | R4 |
| **17** | Sásraí aiseolais do Chathaoirligh na gCoistí agus do chomhaltaí na gCoistí a athbhreithniú. | Na Coistí | R4 |
| **18** | An prótacal a chur i gcrích i dtaobh socruithe rialachais le haghaidh cruinnithe príobháideacha de Choistí ar MS Teams tar éis an teicneolaíocht a thabhairt isteach chun tacú le Coistí ó aimsir Covid-19. | Na Coistí<br>An tAonad Comhordaithe<br>*TFC* | R4 |
| **19** | Tuarascáil a thabhairt maidir le mórshuirbhé a rinne COBÁC le Comhaltaí chun tuairimí a bhailiú ó pholaiteoirí tofa dhá Theach an Oireachtais maidir le téamaí éagsúla. | SLaT (An tSeirbhís Taighde Pharlaiminteach) | R1 |

## Sprioc Straitéiseach 1.5: Ardchaighdeáin ghairmiúlachta agus rialachais chorparáidigh a chinntiú.

| 1.5. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Tacaíochtaí rúnaireachta atá nuálach agus slán a sholáthar do Choimisiún an Oireachtais, dá Choistí agus don Bhord Bainistíochta. | OCAR | R4 |
| **2** | Comhordú, forbairt agus faireachán a dhéanamh maidir leis an *bPlean Straitéiseach, 2022-2024* a chur i ngníomh:<br>• Forbairt agus foilsiú an *Phlean Gníomhaíochta, 2024* (R1) a chomhordú.<br>• Seisiúin athbhreithnithe faoi cheannas an Ard-Rúnaí (gach ráithe) a chomhordú.<br>• Forbairt agus foilsiú na *Tuarascála Bliantúla, 2023* (R2) a chomhordú. | OCAR | R4 |
| **3** | Pleanáil agus forbairt maidir leis an b*Plean Straitéiseach, 2025-2027* a chomhordú. | OCAR | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 1.5: Ardchaighdeáin ghairmiúlachta agus rialachais chorparáidigh a chinntiú.

| 1.5. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **4** | Creat Feidhmíochta na Seirbhíse do 2022-2024 a fhorbairt agus a chur i ngníomh:<br>• Tuarascálacha ráithiúla ar ghníomhaíochtaí an Oireachtais agus na Seirbhíse a chur i dtoll a chéile.<br>• An clár d'Athbhreithnithe Éifeachtúlachta agus d'Athbhreithnithe Réadúcháin Sochar Iarthionscadail againn do 2024 a chur i gcrích. | OCAR | R4 |
| **5** | Tacú le bainistiú leanúnach priacail agus feasacht i dtaobh priacail ar fud na heagraíochta:<br>• An chumarsáid a dhéanaimid i dtaobh bainistiú priacail agus feasacht ar an bpriacal a neartú.<br>• Dhá chruinniú den Fhóram Priacail a sheoladh chun cultúr feasachta ar an bpriacal a fheabhsú tuilleadh ar fud na heagraíochta.<br>• Sraith chruinnithe bainistithe priacail le haonaid ar leith a sheoladh chun an bainistiú priacail a chomhcheangal tuilleadh in oibríochtaí agus próisis na Seirbhíse. | OCAR | R4 |
| **6** | Leanúint den fheidhm Iniúchta Inmheánaigh a fhorbairt, a fheabhsú agus a chur chun cinn:<br>• An plean oibre don Iniúchadh Inmheánach, 2023-2024 a chur i ngníomh. | OCAR | R4 |
| **7** | • Ár n-acmhainní rialachais chorparáidigh a fhorbairt tuilleadh d'fhonn feasacht ar an dea-chleachtas a chur chun cinn agus ár gcultúr freagrachta corparáidí a fheabhsú:<br>• Ár *gCreat Rialachais Chorparáidigh* a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.<br>• Ár n-acmhainní rialachais chorparáidigh agus ár dteimpléid tuairiscithe a athbhreithniú.<br>• Ár dTreoirlínte um Bainistiú Tionscadail a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta agus oiliúint a éascú don fhoireann uile.<br>• Tionscnaimh a fhorbairt chun feasacht ar an rialachas corparáideach a neartú laistigh den eagraíocht. | OCAR | R4 |
| **8** | Leanúint d'ár bhfeidhm maidir le seirbhís do chustaiméirí a fhorbairt:<br>• Sraith sheisiún oiliúna maidir le seirbhís do chustaiméirí a sheoladh chun feasacht a ardú faoi na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach inár gCairt do Chustaiméirí arna hathbhreithniú agus inár bPlean Gníomhaíochta (R1). | OCAR | R4 |
| **9** | An Bhainistíocht Leanúnachais Gnó a athdhearadh:<br>• Beartais agus nósanna imeachta athbhreithnithe a ghlacadh agus a chur i ngníomh.<br>• Comhaltaí foirne iomchuí a oiliúint.<br>• Páirt a ghlacadh i Líonra Leanúnachais Gnó na dTionól Reachtach (LABCon).<br>• Comhairliúchán ar bhonn céimnithe agus ceardlanna a bhainistiú leis na haonaid ghnó ar fud na heagraíochta.<br>• Gasra oibre tras-eagraíochtúil a bhunú.<br>• Pleananna nua Bainistíochta Leanúnachais Gnó agus pleananna Athléimneachta Eagraíochtúla nua a fhorbairt le haghaidh na Seirbhíse agus raon feidhme Bainistíochta Leanúnachais Gnó a leathnú chun Coistí agus roinnt comhaltaí a chur san áireamh.<br>• Sceideal tástálacha rialta ar phleananna a fhorbairt. | ABS<br>TFC | R2 |

| Sprioc Straitéiseach 1.5: Ardchaighdeáin ghairmiúlachta agus rialachais chorparáidigh a chinntiú. | | | |
|---|---|---|---|
| **1.5.** | **Gníomh** | **Ceannaireacht**<br>*Tacaíocht* | **Seachadadh** |
| **10** | An rialachas faisnéise a neartú trí chur chuige atá de réir an dea-chleachtais i leith an Bhainistithe Taifead:<br>• Stiúradh straitéiseach an Aonaid Bainistithe Taifead a chinneadh.<br>• Dréacht-Bheartas Bainistithe Taifead i gcomhairle le páirtithe leasmhara ríthábhachtacha.<br>• Plean Comhad agus Sceideal Coinneála nua a chur i ngníomh.<br>• Athbhreithniú a chur chun cinn ar na tiomántáin líonra chomhroinnte chun cur de láimh taifead i gcomhréir le sceideal coinneála na Seirbhíse a oibríochtú.<br>• Cur chuige na Seirbhíse i ndáil leis an tslí a mbainistítear stóráil ábhair lasmuigh den láthair a chomhdhlúthú agus a chomhchuibhiú.<br>• Tacaíocht a thabhairt don tSeirbhís d'úsáid eDocs tríd an rialachas agus nósanna imeachta doiciméadaithe a fheabhsú agus trí aistriú na Seirbhíse chuig an leagan nua den bhogearra a chur chun cinn.<br>• Tacaíocht a thabhairt do shaineolaithe ábhair ar eDocs chun dea-chleachtais bhainistithe taifead a chur i ngníomh trí chlár bliantúil de chruinnithe agus de sheisiúin oiliúna do shaineolaithe ábhair, cuir i gcás. | SLaT (Bainistiú Taifead)<br>*TFC*<br>*ABS* | R4 |
| **11** | An rialachas faisnéise a neartú trí chur chuige atá de réir an dea-chleachtais a ghlacadh i leith Cosaint Sonraí:<br>• A chinntiú go bhfuil comhordú ann ar fud na heagraíochta maidir le saincheisteanna a bhaineann le cosaint sonraí, lena n-áirítear an t-idirghníomhú le straitéis Cibearshlándála a chur i ngníomh.<br>• Clár feasachta bliantúil ar chosaint sonraí a sheachadadh ar na comhaltaí agus ar an bhfoireann agus méadú a dhéanamh ar líon na gcomhaltaí agus líon na gcomhaltaí foirne a ghlacfaidh le modúil ar líne de chuid na Seirbhíse maidir le cosaint sonraí.<br>• Cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann bainistíochta shinsearach agus le gach tríú páirtí maidir lena róil agus a bhfreagrachtaí.<br>Dhá dhruil freagartha ar theagmhas sárúcháin a dhéanamh. | SLaT (Bainistiú Taifead)<br>*TFC*<br>*Seirbhísí AD*<br>*(Oiliúint agus Forbairt)* | R4 |
| **12** | An Gasra Oibre um Shaoráil Faisnéise agus um Chosaint Sonraí a threorú le clár bliantúil. Clár bliantúil cruinnithe de chinnteoirí um Shaoráil Faisnéise a sholáthar. | SLaT (Bainistiú Taifead) | R4 |
| **13** | Nuashonrú a dhéanamh ar an mBeartas um Choinneáil Sonraí ag Oifig na gCeisteanna Parlaiminte agus ar na treoirlínte do na comhaltaí i dtaobh úsáid mionsonraí a sholáthraítear maidir le saincheisteanna a bhaineann le cosaint sonraí. | Oifig na gCeisteanna | R1 |
| **14** | Tacaíocht a thabhairt do Chléireach na Dála agus do Chléireach an tSeanaid ina róil ex officio faoi na hAchtanna Toghcháin. | Seirbhísí Tí<br>*Oifig an Chléirigh*<br>*Oifig na mBillí*<br>*OCDP*<br>Rannóg | R4 |

| Sprioc Straitéiseach 1.5: Ardchaighdeáin ghairmiúlachta agus rialachais chorparáidigh a chinntiú. | | | |
|---|---|---|---|
| **1.5.** | **Gníomh** | **Ceannaireacht**<br>*Tacaíocht* | **Seachadadh** |
| **15** | Tacaíocht a thabhairt do Chléireach an tSeanaid mar Cheann Comhairimh le haghaidh Olltoghcháin agus Chorrthoghcháin an tSeanaid:<br>• Athbhreithniú bliantúil ar Chlár na gComhlachtaí Ainmniúcháin.<br>• Pleanáil Olltoghcháin (R2). | Oifig an tSeanaid<br>*Oifig na nImeachtaí*<br>*OCDP*<br>*TFC*<br>*An Mheitheal Gréasáin*<br>*An Mheitheal Meán Sóisialta* | R4 |
| **16** | Seirbhísí dréachtaithe reachtaíochta agus comhairle dlí a sholáthar don Choimisiún agus don tSeirbhís chun cabhrú le hullmhú tograí lena n-áireamh i mBillí Rialtais i leith Achtanna Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), agus i leith reachtaíocht eile den sórt sin, de réir mar is gá. | OCDP | R2 |
| **17** | Leanúint de phróisis agus nósanna imeachta tuarastail a athbhreithniú agus a nuashonrú chun a chinntiú go mbeidh siad ar aon dul leis an dea-chleachtas, agus iad doiciméadaithe go hiomlán:<br>• Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha (NIOC) a chotabháil agus a uasdátú le haghaidh róil laistigh den Aonad Tuarastail, de réir mar is gá. | Tuarastail | R4 |
| **18** | Leanúint de phróisis agus nósanna imeachta airgeadais a athbhreithniú agus a nuashonrú chun a chinntiú go mbeidh siad ar aon dul leis an dea-chleachtas, agus iad doiciméadaithe go hiomlán:<br>• Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha (NIOC) a chothabháil agus a uasdátú chun a chinntiú go léiríonn siad an dea-chleachtas reatha. | Airgeadas | R4 |
| **19** | Próisis agus nósanna imeachta sainfhála a athbhreithniú agus a nuashonrú chun a chinntiú go mbeidh siad ar aon dul leis an dea-chleachtas, agus iad doiciméadaithe go hiomlán:<br>• Sraith de Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha (NIOC) a fhorbairt le haghaidh róil laistigh den Aonad Sainfhála. | Sainfháil | R4 |
| **20** | A chinntiú go ndéanfar tuairisciú ar ardchaighdeán a chur i dtoll a chéile go héifeachtach tráthúil. | Airgeadas,<br>Sainfháil,<br>Tuarastail | R4 |
| **21** | Formáid agus inrochtaineacht ár dtuarascálacha a fhorbairt go leanúnach. | Airgeadas,<br>Sainfháil,<br>Tuarastail | R4 |
| **22** | Leanúint d'ár dtáscairí feidhmíochta a oiriúnú do riachtanais na hardbhainistíochta agus an Choimisiúin. | Airgeadas,<br>Sainfháil,<br>Tuarastail | R4 |
| **23** | Ardchaighdeáin formhaoirsithe ar rialuithe airgeadais a chothabháil laistigh den Bheár, den Bhialann agus do IIF, agus a chinntiú go gcuirfear i ngníomh gach toradh ar iniúchadh agus gach moladh a thig as iniúchadh. | Lónadóireacht<br>*IIF* | R4 |
| **24** | Ardchaighdeáin formhaoirsithe ar rialuithe airgeadais a chothabháil laistigh de na hAonaid AD agus Pinsean do na Comhaltaí:<br>• Togra a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta maidir le Tionscadal Taifead Pinsean na gComhaltaí (R2). | AD do na Comhaltaí<br>Rannóg Pinsean na gComhaltaí | R4 |

## Toradh Straitéiseach 2 – Pobal Oireachtais Uilechuimsitheach a dTugtar Tacaíocht Mhaith dó

### Sprioc Straitéiseach 2.1: Sláinte, folláine agus athléimneacht Phobal an Oireachtais a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dó.

| 2.1. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Clár um Fhorbairt Daoine agus Eagraíochta (FDE) nua a chur i ngníomh. | An Coiste Straitéiseach um Dhaoine agus Eagraíocht<br>*Seirbhísí AD* | R4 |
| **2** | *An Straitéis um Shláinte agus Folláine, 2024* a fhoilsiú agus a chur i ngníomh. | Seirbhísí AD | R1 |
| **3** | Na nuachtlitreacha d'fhoireann na státseirbhíse agus don fhoireann polaitíochta a fhoilsiú. | Seirbhísí AD<br>AD do na Comhaltaí<br>An tAonad Cumarsáide agus GOCI | R4 |
| **4** | Seimineáir faisnéise pinsean a sheachadadh ar an ngréasán d'fhoireann na státseirbhíse maidir le gach scéim pinsean seirbhíse poiblí. | AD Foirne Pinsin | R2 |
| **5** | Seisiúin fhíorúla FGL agus seisiúin FGL ina láithrítear go pearsanta a éascú laistigh d'Oifig na nDíospóireachtaí chun an fhoireann a choinneáil i dteagmháil le chéile – mar chuid de bheartas oibre cumaiscthe an Oireachtais. | Oifig na nDíospóireachtaí | R4 |

### Sprioc Straitéiseach 2.2: Ár modh oibre a athshamhlú agus cleachtais oibre cumaiscthe atá solúbtha agus nuálaíoch a chur i ngníomh.

| 2.2. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Foireann bainistíochta eolais tras-eagraíochta a fhorbairt chun an oiread tairbhe is féidir a bhaint as na teicneolaíochtaí atá ar fáil, feabhas a chur ar ionduchtú foirne de réir an róil faoi leith agus eolas ar nósanna imeachta agus aistriú eolais a chur chun cinn. | An tAonad Forbartha Nósanna Imeachta<br>*Oifig na mBillí*<br>*Oifig na nImeachtaí*<br>*Oifig an tSeanaid*<br>*Na Coistí*<br>*TFC*<br>*Seirbhísí AD*<br>*(Oiliúint agus Forbairt)* | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 2.2: Ár modh oibre a athshamhlú agus cleachtais oibre cumaisctthe atá solúbtha agus nuálaíoch a chur i ngníomh.

| 2.2. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **2** | Éifeachtúlachtaí a shainaithint a bheidh le baint amach i bpróisis Oifig na mBillí agus sinn ag aistriú go dtí córas foilsitheoireachta ar bhonn digiteach. | Oifig na mBillí<br>Aonad Foilsitheoireachta an Oireachtais<br>*TFC* | R4 |
| **3** | Leanúint den *Straitéis Daoine, 2024* a fhoilsiú agus a chur i ngníomh. | Seirbhísí AD | R4 |
| **4** | Leanúint den *Straitéis Foghlama agus Forbartha, 2023-2024* de chuid an *Aonaid Acmhainní Daonna* a chur i ngníomh. | Seirbhísí AD | R4 |
| **5** | Grúpaí agus líonraí foirne a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud na ngrád go léir. | Seirbhísí AD | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 2.3: Tacaíocht leanúnach agus deiseanna forbartha leanúnacha a sholáthar chun a chinntiú gur fostóir céadrogha sinn.

| 2.3. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | *An Straitéis um Chumarsáid Inmheánach* de chuid na Seirbhíse a chur i ngníomh ar fud na heagraíochta. | An tAonad Cumarsáide<br>GOCI | R4 |
| **2** | Leanúint de dheiseanna nua oiliúna agus forbartha a fhorbairt don fhoireann, lena n-áirítear oiliúint ar an obair agus ar bhainistiú foirne i gcomhthéacs oibre cumaisctthe. | Seirbhísí AD (Oiliúint agus Forbairt) | R4 |
| **3** | Leanúint de riachtanais na Seirbhíse a chur i gcomhréir le pleananna acmhainní, próisis earcaíochta chuí agus speisialtóirí a shannadh do róil laistigh den tSeirbhís. | Seirbhísí AD | R4 |
| **4** | Leanúint de dheiseanna agus straitéisí earcaíochta a fhorbairt i gcomhair an Oireachtais chun a chinntiú go mbeimid iomaíoch fós i margadh ina mbíonn dúshláin ann d'fhostóirí. | Seirbhísí AD | R4 |
| **5** | An fhoireann a fhorbairt agus oiliúint a chur ar fáil di maidir le scileanna agus réimsí nua atá ag teacht chun cinn, agus tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí agus do cheannairí san eagraíocht. | Seirbhísí AD (Oiliúint agus Forbairt) | R4 |
| **6** | Bealaí nua earcaíochta a fhorbairt lena n-áirítear intéirneachtaí i gcomhair sainréimsí (lena n-áirítear daoine dátheangacha) agus printíseachtaí. | Seirbhísí AD<br>*Rannóg* | R4 |
| **7** | Sraith chlár oiliúna a chur i ngníomh a bheidh oiriúnach do gach grád. | Seirbhísí AD (Oiliúint agus Forbairt) | R4 |
| **8** | Leanúint de shaindeiseanna oiliúna agus forbartha a éascú d'fhoireann OBP, lena n-áirítear uasoiliúint trí chomhoibriú agus ceardlanna inmheánacha. | OBP | R4 |
| **9** | Deiseanna oiliúna agus forbartha foirne a éascú in Oifig na nDíospóireachtaí. | Oifig na nDíospóireachtaí | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 2.3: Tacaíocht leanúnach agus deiseanna forbartha leanúnacha a sholáthar chun a chinntiú gur fostóir céadrogha sinn.

| 2.3. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **10** | Roghanna a fhorbairt agus a chur chun cinn maidir le forbairt fhoireann na gCoistí, a bheadh le cur i ngníomh le linn na tréimhse lánscoir, agus plean oibre le haghaidh fhoireann na gCoistí le linn na tréimhse lánscoir a fhorbairt, sa chomhthéacs sin. | Na Coistí | R2 |
| **11** | Idirghníomhaíocht leanúnach le hionadaithe foirne a éascú tríd an gComhairle Rannóige. | Seirbhísí AD | R4 |
| **12** | Clár leanúnach d'athbhreithnithe Rannóige ar acmhainní a sholáthar ar fud na Seirbhíse, de réir mar is gá. | Seirbhísí AD | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 2.4: Ár gcultúr dínite agus measa, éagsúlachta agus uilechuimsitheachta a neartú.

| 2.4. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | *Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Uilechuimsitheacht* do phobal an Oireachtais a fhorbairt, a fhoilsiú agus a chur i ngníomh. | Seirbhísí AD | R1 |
| **2** | Feasacht na foirne ar na treoirlínte um thimpeallacht dhearfach oibre i gcomhair na heagraíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear:<br>• *Ár gCód maidir le hOibriú le Chéile*<br>• *An Beartas um Dhínit ag an Obair*<br>• *Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.* | Seirbhísí AD | R4 |
| **3** | Leanúint de chlár Oibre agus Foghlama an Oireachtais (OWL) a fhorbairt ionas go n-áireofar ann tacaíochtaí leanúnacha do Ranna nua a bhfuil baint acu leis an gclár. | Seirbhísí AD | R4 |
| **4** | Leanúint de thacú le hobair an Ghrúpa Stiúrtha um Dhínit agus Meas. | AD do na Comhaltaí | R4 |
| **5** | Leanúint de sheisiúin oiliúna agus faisnéise i dtaobh dínite agus measa a sheachadadh ar na comhaltaí agus ar an bhfoireann polaitíochta. | AD do na Comhaltaí<br>*Seirbhísí AD (Oiliúint agus Forbairt)* | R4 |
| **6** | Suirbhéanna deireadh gairme don fhoireann státseirbhíse a chur i ngníomh. | Seirbhísí AD | R4 |
| **7** | An Plean um Rannpháirtíocht na Foirne Polaitíochta, 2024 a chomhaontú le béim ar thoghcháin agus ar chomhaltaí foirne nua a ionduchtú tar éis toghcháin. | AD do na Comhaltaí | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 2.5: Straitéis a fhorbairt chun moltaí ón bhFóram um Oireachtas a Thacaíonn le Teaghlaigh agus atá Uilechuimsitheach a chur i ngníomh.

| 2.5. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Leanúint d'obair an Choiste Stiúrtha chun na moltaí ón *bhFóram um Oireachtas a Thacaíonn le Teaghlaigh agus atá Uilechuimsitheach* a chur i ngníomh. | Seirbhísí Corparáideacha agus Seirbhísí do Chomhaltaí<br>*TFC*<br>*OCDP*<br>*ABS* | R4 |
| **2** | Leanúint d'obair na bhfochoistí maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí faoi thrí cheannteideal leathana:<br>• Nósanna Imeachta<br>• Acmhainní Daonna<br>• Saoráidí. | Seirbhísí Tí<br>*Seirbhísí AD*<br>*ABS* | R4 |
| **3** | Tuairisceoidh an Grúpa Stiúrtha don Choimisiún gach sé mhí maidir le cur i ngníomh na Tuarascála ón *bhFóram um Oireachtas a Thacaíonn le Teaghlaigh agus atá Uilechuimsitheach*. | Seirbhísí Corparáideacha agus Seirbhísí do Chomhaltaí | R2<br>R4 |
| **4** | Foirne tionscadail a shannadh chun na moltaí ón *bhFóram um Oireachtas a Thacaíonn le Teaghlaigh agus atá Uilechuimsitheach* a chur i ngníomh. | Seirbhísí Corparáideacha agus Seirbhísí do Chomhaltaí<br>*Seirbhísí Tí*<br>*Seirbhísí AD*<br>*ABS* | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 2.6: Timpeallacht fhisiciúil atá sábháilte, slán agus inrochtana a sholáthar ina ndéantar freastal ar riachtanais phobal an Oireachtais.

| 2.6. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | *Straitéis Eastáit* a fhorbairt i gcomhair Thithe an Oireachtais:<br>• Gníomhaíochtaí agus bonneagar reatha a dhoiciméadú.<br>• Measúnú a dhéanamh ar an mbail atá ar an gcóiríocht agus ar na seirbhísí faoi láthair.<br>• Deiseanna a shainaithint chun cuspóirí inbhuanaitheachta a chur chun cinn.<br>• Riachtanais don todhchaí a shainaithint.<br>• Spriocanna fadtréimhseacha a shainaithint. | ABS<br>Inbhuanaith-eacht agus Sáb-háilteacht<br>*OOP* | R3 |

| Sprioc Straitéiseach 2.6: Timpeallacht fhisiciúil atá sábháilte, slán agus inrochtana a sholáthar ina ndéantar freastal ar riachtanais phobal an Oireachtais. | | | |
|---|---|---|---|
| 2.6. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
| **2** | Oibriú i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí chun leanúint de thionscadail tógála agus innealtóireachta ríthábhachtacha a chur i gcrích, lena n-áirítear:<br>• Spásanna páirceála faoi dhíon i gcomhair rothair agus rothair leictreacha.<br>• Oibreacha ar na díonta.<br>• Saoráidí luchtaithe feithiclí leictreacha.<br>• An Príomhsheomra Coiste a fhorbairt.<br>• Seomra na Dála a oiriúnú chun go mbeidh áit ann le haghaidh comhaltaí breise.<br>• Ardaitheoir earraí an Chlóis Iascaigh a nuashonrú.<br>• An díon ar Bhloc D agus ar an bpríomhstaighre a athchóiriú.<br>• Geata Shráid Chill Dara a athchóiriú.<br>• Feabhsúcháin ar an seomra closamhairc.<br>• Tacú le tionscadail um chlaochlú digiteach (comharthaíocht dhigiteach, cruinnithe hibrideacha).<br>• Cuid 2 de na hoibreacha cistine.<br>• Na seomraí Coiste a athchóiriú.<br>• An téamh agus an t-insliú i mBloc 1966 a fheabhsú.<br>• Leanúint den chlár athsholáthair soilsithe LED.<br>• Athruithe ar an spás oifige in CMT.<br>• An clár athchóirithe (limistéir chúrsaíochta, Cistinéid, brait urláir, leithris).<br>• Moltaí an Ghasra Oibre um Ealaín a chur i ngníomh.<br>• An t-ardaitheoir míchumais ag an mBóthar Thuaidh a fheabhsú agus a nuashonrú.<br>• Saoráidí ionramhála dramhaíola a athrú. | ABS<br>Inbhuanaith-eacht agus Sáb-háilteacht<br>*OOP* | R1 |
| **3** | Leanúint de chóiríocht bhreise a iarraidh d'fhonn freastal ar riachtanais reatha agus mheántéarmacha:<br>• Éascaíocht a dhéanamh d'ionchorprú aon chóiríochta breise a chuirfear ar fáil (cloig vótála, craoladh, gréasáin TF, rialú rochtana, SRA, conarthaí cothabhála a fhadú).<br>• Dul i gcomhairle le haonaid ghnó agus le OOP, de réir mar is gá. | ABS<br>*OOP* | R4 |
| **4** | Leanúint den chóras bainistíochta sábháilteachta a oibriú:<br>• Oiliúint ar an measúnú priacail a sholáthar do chinn na rannóg.<br>• Measúnachtaí priacail a thabhairt cothrom le dáta ar fud na rannóg go léir.<br>• Iniúchadh láithreáin bliantúil a dhéanamh.<br>• Comhairle agus treoir shábháilteachta a sholáthar lena n-áirítear comhairle agus treoir shábháilteachta le haghaidh imeachtaí.<br>• Faireachán agus iniúchadh a dhéanamh ar an láithreán chun guaiseanna a shainaithint.<br>• Freagairt do thimpistí agus do neastimpistí agus iad a imscrúdú.<br>• An córas bainistíochta dóiteáin a thabhairt cothrom le dáta:<br>  ○ Léarscáileanna aslonnaithe a thabhairt cothrom le dáta.<br>  ○ Druileanna dóiteáin a dhéanamh.<br>  ○ Na cláir sábháilteachta dóiteáin a chothabháil.<br>  ○ Leanúint de na cláir sábháilteachta dóiteáin a dhigitiú. | Inbhuanaith-eacht agus Sáb-háilteacht | R4 |

| Sprioc Straitéiseach 2.6: Timpeallacht fhisiciúil atá sábháilte, slán agus inrochtana a sholáthar ina ndéantar freastal ar riachtanais phobal an Oireachtais. | | | |
|---|---|---|---|
| 2.6. | Gníomh | Ceannaireacht<br>*Tacaíocht* | Seachadadh |
| **5** | Deimhniúchán a bhaint amach don chóras bainistíochta sábháilteachta. | Inbhuanaith-eacht agus Sáb-háilteacht | R4 |
| **6** | Ráiteas Sábháilteachta bliantúil a fhoilsiú. | Inbhuanaith-eacht agus Sáb-háilteacht | R1 |
| **7** | Socruithe slándála do champas uile Theach Laighean a athbhreithniú, ag tógáil ar na hathbhreithnithe slándála arna seoladh ag an nGarda Síochána. | An Maoirseoir<br>*ABS* | R4 |
| **8** | Athbhreithniú beartais a sheoladh i leith rochtain ar Champas Theach Laighean i gcomhairle le ABS agus OCDP. | An Maoirseoir | R2 |
| **9** | Céim 1 de CBS (Córas Bainistíochta Cuairteoirí) a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach chun oiliúint fhoireann Rannóg an Mhaoirseora agus seisiúin faisnéise le haghaidh comhaltaí agus/nó dá bhfoireann a áireamh. | An Maoirseoir<br>*TFC* | R2 |
| **10** | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a bhaineann leis na hUiséirí agus leis na hOifigigh Sheirbhíse maidir le gach post. | An Maoirseoir | R1 |
| **11** | Leanúint d'éascú a dhéanamh ar sheisiúin faisnéise a sholáthar do na comhaltaí agus dá bhfoireann ag an nGarda Síochána:<br>• Seisiúin faisnéise bhreise a eagrú de réir an éilimh a bheidh orthu. | An Maoirseoir | R4 |
| **12** | Oibriú le OOP agus le CÉC chun iniúchadh inrochtaineachta a dhéanamh ar choimpléasc an Oireachtais agus moltaí a chur i ngníomh. | Inbhuanaith-eacht agus Sáb-háilteacht<br>OOP<br>*Seirbhísí AD* | R1 |
| **13** | Leanúint den tionscadal athfheistiúcháin sna láithreacha lónadóireachta, agus láithreacha na mbeár agus na cistine d'fhonn seirbhís níos fearr a thabhairt do chustaiméirí agus d'fhonn timpeallacht an ionaid oibre a dhéanamh níos sábháilte agus níos éifeachtaí. | Lónadóireacht<br>*ABS*<br>*OOP* | R3 |
| **14** | Na hoibreacha athfheistiúcháin ar Bhloc C a chríochnú agus OOP a spreagadh chun tús a chur le Bloc D agus leis na díonta os cionn an phríomh-straighre agus sheomra na Dála a dheisiú. | ABS<br>*OOP*<br>*TFC*<br>*Seirbhísí Tí* | R3 |
| **15** | Leanúint de sheirbhísí riaracháin, dlí agus taighde a sholáthar don Tascfhórsa um Páirteachas Sábháilte sa Saol Polaitiúil:<br>• Suirbhé a sheoladh in Eanáir 2024 agus tuarascáil ar an suirbhé a fhoilsiú i Márta 2024.<br>• Tuarascáil chomhaontaithe ón Tascfhórsa agus a mholtaí a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Cheann Comhairle agus an Chathaoirligh. | AD do na Comhaltaí<br>SLaT (Seirbhís Taighde an Oireachtais)<br>OCDP | R1 |

# Toradh Straitéiseach 3 – Oireachtas Oscailte, Rannpháirteach agus Inbhuanaithe

## Sprioc Straitéiseach 3.1: Rannpháirtíocht an phobail le Tithe an Oireachtais a neartú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cumarsáide digití.

| 3.1. | Gníomh | Ceannaireacht<br>*Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Leanúint den chumas atá againn faoi láthair a leathnú maidir le hábhar inrochtana a sholáthar ó Aonad Craolacháin an Oireachtais:<br>• Córas Aitheanta Cainte Uathoibríoch (ACU) a fhorbairt chun fotheidil a chur le craolacháin bheo.<br>• Ár gcuid modúl acadúil le Lárionad Léann na mBodhar, Coláiste na Tríonóide, a choinneáil ar bun agus a leathnú.<br>• Oibriú i ndlúthchomhar le Oireachtas.ie chun níos mó ábhair i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann agus ábhair le fotheidil a sholáthar don suíomh gréasáin agus d'ardáin meán sóisialta. | Craolachán<br>*TFC*<br>*Eagarthóir na nDíospóir-eachtaí/an Chláir ACU*<br>*An Mheitheal Gréasáin*<br>*An Mheitheal Meán Sóisialta* | R4 |
| **2** | Leanúint d'fhorbairt theicniúil ar an Aonad Craolacháin:<br>Tús a chur le gailearaithe léiriúcháin agus le tionscadal ródaire SDi/IP hibrideach.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar beoshruthaithe agus físeán ar éileamh ar Oireachtas.ie agus an dea-chleachtas i bparlaimintí eile a shainaithint.<br>• De réir Phlean Caiteachais 3 Bliana ACO, crua-earraí i ndeireadh a ré a athnuachan agus bogearraí a nuashonrú in *AVID Media Asset Manager* – agus éifeachtúlachtaí a imscrúdú leis an tionscadal thuas.<br>• Ullmhú le haghaidh Príomh-Thionscadal Coiste nua – lena n-áirítear athruithe struchtúracha ar sheomraí ACO a scrúdú, an 8ú sruth beo chuig an nGréasán a sholáthar, agus ábhar nua Coiste a chartlannú. | Craolachán<br>*An Mheitheal Gréasáin*<br>*TFC*<br>*Saoráidí* | R4 |
| **3** | Cumas léiriúcháin in ACO a fhorbairt agus a leathnú sna réimsí seo a leanas:<br>• Grafaicí dátheangacha dinimiciúla a sholáthar.<br>• Cláir Ghaeilge arna léiriú go hinmheánach le haghaidh Oireachtas TV.<br>• Leanúint leis an rannpháirtíocht le Ciste Fuaim agus Físe Choimisiún na Meán i gcomhair cláir faisnéise le haghaidh Oireachtas TV.<br>• Cláir reatha leathnaithe ar fud na n-institiúidí Eorpacha (Parl AE, COE, etc.).<br>• Tacú le riachtanais chraolacháin/shruthaithe le haghaidh imeachtaí speisialta amhail comhdháil ESCE. | Craolachán<br>TFC | R4 |
| **4** | Ár n-ábhar agus cumarsáid ar líne a fheabhsú:<br>Ábhar soiléir faisnéiseach i dtaobh obair an Oireachtais a fhorbairt, lena n-áirítear ábhair oideachais, comórthaí céad bliain, imeachtaí, etc. agus iad sin a chur chun cinn go gníomhach ar na meáin shóisialta. | An Mheitheal Gréasáin<br>*An Mheitheal Meán Sóisialta*<br>*An Oifig Oideachais* | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 3.1: Rannpháirtíocht an phobail le Tithe an Oireachtais a neartú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cumarsáide digití.

| 3.1. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **5** | Straitéis Cumarsáide Choistí an Oireachtais a fhorbairt agus a chur i ngníomh d'fhonn feasacht a ardú maidir le gníomhaíochtaí agus aschur na gCoistí agus chun rannpháirteachas an phobail, páirtithe leasmhara agus na meán leis na Coistí a fheabhsú. | Cumarsáid<br>An Phreasoifig<br>An Mheitheal Meán Sóisialta<br>Craolachán<br>An Mheitheal Gréasáin<br>*Na Coistí*<br>*An Maoirseoir* | R4 |
| **6** | *Straitéis maidir leis na Meáin Shóisialta* a fhorbairt chun méadú a dhéanamh ar an réimse ábhar a chomhroinntear, lucht féachana éagsúil a tharraingt agus caighdeán an ábhair a fheabhsú a mhéid a bhaineann le dearadh nuálach agus dearadh amhairc ar ardchaighdeán. | An Mheitheal Meán Sóisialta<br>RaA<br>*SLaT*<br>*OBP* | R2 |
| **7** | *Straitéis um Rannpháirtíocht an Phobail* a fhorbairt chun cur chuige comhordaithe a mbeidh tacú léi maidir le himeachtaí agus tionscnaimh maidir le rannpháirtíocht an phobail a chinntiú, ag díriú ar chlár rannpháirtíochta pobail atá neamhchlaonta, uilechuimsitheach, rannpháirtíoch, nuálach agus freagrúil. | An Mheitheal um Rannpháirtíocht an Phobail<br>An Oifig Oideachais | R3 |
| **8** | Cabhrú le comhaltaí na meáin shóisialta a úsáid go héifeachtach trí cheardlanna agus seisiúin faisnéise a sheachadadh leis na príomhardáin meán sóisialta. | An Mheitheal Meán Sóisialta | R4 |
| **9** | Straitéis réigiúnach nua atá dírithe ar chúrsaí digiteacha a sheoladh chun imeachtaí an Oireachtais a bhaineann le cúrsaí áitiúla nó réigiúnacha a cheangal leis na meáin réigiúnacha agus ábhar spéise réigiúnach a chruthú trí úsáid a bhaint as ár n-acmhainní meán sóisialta, craoltóireachta agus gréasáin. | An Phreasoifig<br>*An Mheitheal Gréasáin*<br>*Craolachán*<br>*An Mheitheal Meán Sóisialta* | R3 |
| **10** | Deiseanna eile a phlé trí Thionscadal Digiteach an Oireachtais chun inrochtaineacht agus taithí úsáideoirí ar an Tuairisc Oifigiúil a mhéadú. | Oifig na nDíospóireachtaí<br>*An Mheitheal Gréasáin* | R4 |
| **11** | Dearadh uilíoch a ghlacadh mar chur chuige i leith gach teicneolaíocht cumarsáide digití. | TFC | R4 |
| **12** | OBP a fheabhsú maidir leis an líon daoine a bhaineann úsáid aisti agus a bhfuil rochtain acu uirthi. Áirítear sna cúraimí sin straitéis um meáin shóisialta agus scaipeadh a fhorbairt. | OBP<br>Cumarsáid (An Mheitheal Meán Sóisialta agus an Mheitheal Gréasáin) | R3 |

| Sprioc Straitéiseach 3.1: Rannpháirtíocht an phobail le Tithe an Oireachtais a neartú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cumarsáide digití. | | | |
|---|---|---|---|
| **3.1.** | Gníomh | Ceannaireacht<br>*Tacaíocht* | Seachadadh |
| **13** | Breithniú a dhéanamh i dtaobh cur chuige trasaonaid a fhorbairt i dtaca le Bailiúcháin Oidhreachta Thithe an Oireachtais a bhainistiú. | SLaT (Leabharlann an Oireachtais)<br>An tAonad Cumarsáide<br>ABS | R4 |
| **14** | Faisnéis maidir leis an gCaighdeán Oifigiúil a chur ar fáil don phobal ar mhodh soláimhsithe trí www.oireachtas.ie. | Rannóg an Aistriúcháin | R4 |
| **15** | Téarmaíocht reachtaíochta Ghaeilge a úsáideann Tithe an Oireachtais a chur ar fáil don phobal ar bhealach soláimhsithe trí www.oireachtas.ie. | Rannóg an Aistriúcháin | R4 |
| **16** | Úsáid a bhaint as Clár Dátheangachais Thithe an Oireachtais, atá bunaithe ar chur chuige dátheangach comhtháite, chun rannpháirtíocht an Oireachtais le pobal labhartha na Gaeilge a uasmhéadú:<br>• Tionólfar cruinnithe straitéiseacha míosúla, a bhfuil mar aidhm acu réitigh nuálacha a sheachadadh maidir le tionscnaimh atá faoin gclár dátheangachais. | Rannóg an Aistriúcháin<br>*An tAonad Cumarsáide*<br>*TFC* | R4 |
| **17** | Leanúint dá chinntiú go ndéanfar gnó poiblí na dTithe agus doiciméid ghaolmhara a fhoilsiú go tráthúil ar shuíomh gréasáin an Oireachtais. | An Mheitheal Gréasáin | R4 |
| **18** | Leanúint de bheith ag obair le haonaid ghnó chun gnéithe nua a athbhreithniú nó a fhorbairt ar Oireachtas.ie a thacaíonn lena gcuid oibre agus le tuiscint an phobail ar an Oireachtas. | An Mheitheal Gréasáin<br>TFC | R4 |
| **19** | Leanúint de bheith ag obair le haonaid ghnó chun gnéithe nua a athbhreithniú nó a fhorbairt ar aistriú sceidil Oireachtas.ie go sonraí Chóras Digiteach an Oireachtais fíorama in 2024. Áirítear sna feidhmchláir:<br>• An Córas In-Chruinniú Coiste.<br>• An Córas Gnó Seomra.<br>• Feidhmchlár sceideal an tSeanaid. | An Mheitheal Gréasáin<br>TFC | R3 |
| **20** | Tacú le hAip an Oireachtais agus í a fhorbairt tuilleadh, le béim ar inrochtaineacht agus fógraí. | An Mheitheal Gréasáin | R3 |
| **21** | Na caighdeáin is airde ó thaobh soláthar seirbhísí do chustaiméirí a choinneáil i ndáil le gach fiosrú ríomhphoist a gheofar chuig info@oireachtas.ie agus fiosruithe fóin. | An Mheitheal Gréasáin | R4 |
| **22** | Leanúint de chumas léirshamhlaithe sonraí OBP a fhorbairt trí mhúnlaí agus anailísí a chur i ngníomh ar dheaiseanna soláimhsithe agus suíomh gréasáin le leathanaigh thuarascála idirghníomhacha a fhorbairt. | OBP | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 3.2: Ár gclár oideachais do bhunscoileanna, iarbhunscoileanna agus institiúidí tríú leibhéal a fhorbairt tuilleadh.

| 3.2. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Faireachán agus forbairt a dhéanamh ar chláir oideachais agus shocrúcháin reatha (lena n-áirítear an Clár don Idirbhliain, an Clár chun Socrúcháin Mac Léinn do chomhaltaí, Clár Oibre agus Foghlama an Oireachtais (OWL), an Clár WAM, agus an Clár Lucht Siúil agus Romach). | An Grúpa Stiúrtha um Oscailteacht agus Uilechuimsitheacht<br>*AD do na Comhaltaí*<br>*Seirbhísí AD*<br>*An Oifig Oideachais* | R4 |
| **2** | Leanúint den mhúnla hibrideach den Chlár chun Socrúcháin Mac Léinn a chur i ngníomh don bhliain acadúil 2023/24, agus 2024/25:<br>• Prótacal toghcháin a fhorbairt le stiúrthóirí cúrsaí agus riarthóirí páirtithe chun socrúcháin a bhainistiú le linn tréimhse thoghcháin. | AD do na Comhaltaí<br>*An Grúpa Stiúrtha um Oscailteacht agus Uilechuimsitheacht*<br>*An Oifig Oideachais* | R4 |
| **3** | Clár for-rochtana a fhorbairt do Rannóg an Aistriúcháin le béim ar leith ar mheánscoileanna lán-Ghaeilge chun feasacht a chruthú faoi ról agus freagrachtaí na Rannóige laistigh d'Oireachtas dátheangach faoi fhorbairt. | Rannóg an Aistriúcháin<br>*An Oifig Oideachais*<br>*An tAonad Cumarsáide* | R3 |
| **4** | Leanúint d'aschuir oideachais a fhorbairt ag an mbunleibhéal, an dara leibhéal agus an tríú leibhéal:<br>• Ár gclár bliantúil um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile.<br>• Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar bheochain agus acmhainní láithreacha do dhaltaí bunscoile.<br>• Athbhreithniú agus eagarthóireacht a dhéanamh, de réir mar is gá, ar an bpacáiste An Daonlathas a Fhiosrú, do mhúinteoirí OSSP sa tSraith Shóisearach.<br>• Ceardlanna a sheachadadh ar dhaltaí sa tsraith shinsearach a dhéanann staidéar ar an bPolaitíocht agus an tSochaí.<br>• Seachadadh an chláir Ceann Go Ceann a leathnú chun Sealbhóirí Oifige eile san Oireachtas a áireamh ann. | An Oifig Oideachais<br>*An Mheitheal Gréasáin*<br>*Craolachán*<br>*Oifig an tSeanaid* | R4 |
| **5** | Spás a fhorbairt a bheidh dírithe ar an oideachas, ina bhféadfar ceardlanna a sholáthar agus ina mbeidh deis ag daltaí oibriú i dtimpeallacht a bheidh cosúil leis an seomra ranga agus ábhair chlosamhairc, suíocháin agus spás do ghníomhaíochtaí comhoibríocha cuí ar fáil dóibh. | An Oifig Oideachais<br>ABS<br>An Maoirseoir<br>TFC | R4 |
| **6** | Cláir oibre intéirneachta le haghaidh mic léinn tríú léibhéal a fhorbairt i gcomhar le clár intéirneachta Sheirbhís Eacnamaíochta agus Mheastóireachta Rialtas na hÉireann. | OBP | R3 |

## Sprioc Straitéiseach 3.3: Cartlann Oireachtais lárnaithe a bhunú chun na doiciméid a chuireann Tithe an Oireachtais amach a chosaint agus a chaomhnú.

| 3.3. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Cartlann Oireachtais lárnaithe a bhunú ar bhonn reachtúil:<br>• An Chartlann Oireachtais a chur san Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais.<br>• Bogearraí bainistíochta cartlainne Axiell a chur i ngníomh. | SLaT (Leabharlann an Oireachtais)<br>*ABS*<br>*TFC*<br>*An tAonad Cumarsáide* | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 3.4: Ár rannpháirtíocht le Ranna Rialtais a fheabhsú.

| 3.4. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Clár rannpháirtíochta a bhaineann go sainiúil le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí a fhorbairt chun ár gcur chuige rannpháirtíochta maidir le comhpháirtíochtaí a chomhordú. | An Mheitheal um Rannpháirtíocht an Phobail | R2 |
| **2** | Leanúint de nósanna imeachta feabhsaithe a fhorbairt i gcomhairle le Ranna Rialtais lena gclúdaítear nithe amhail seisiúin eolais, sceidealú cruinnithe, amlínte do fhreagraí, próiseáil reachtaíochta, Meastacháin srl. | Na Coistí<br>An tAonad Comhordaithe | R4 |
| **3** | An córas r-CPanna a athbhreithniú, i gcomhar le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR), d'fhonn an próiseas a fhorbairt agus a chuíchóiriú chun déileáil le castacht agus líon méadaithe na CPanna scríofa agus freagraí Tarchurtha/Curtha siar. | Oifig na nDíospóireachtaí<br>*Oifig na gCeisteanna* | R4 |
| **4** | Teagmháil a dhéanamh le Líonra na nOifigeach Airgeadais agus teagmháil le comhghleacaithe ar fud Ranna Rialtais chun comhfhoghlaim a bhaint amach. | Airgeadas | R4 |
| **5** | Líonra Oifigeach Sainfhála trasrannach a fhorbairt agus páirt a ghlacadh ann chun comhoibriú a mhéadú ar fud na Ranna. | Sainfháil | R4 |
| **6** | Caidreamh a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh le comhghleacaithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus san Oifig um Shainfháil Rialtais. | Airgeadas, Sainfháil, Tuarastail | R4 |
| **7** | Leanúint de sheisiúin oiliúna agus faisnéise a sheachadadh ar Ranna Rialtais. | Seirbhísí Tí<br>An tAonad Forbartha Nósanna Imeachta | R4 |
| **8** | Teagmháil a dhéanamh le Líonra na mBainisteoirí AD agus líonraí eile de chuid na státseirbhíse chun beartais agus cleachtaí nua AD a chur chun cinn. | Seirbhísí AD | R4 |
| **9** | Déanfar gasraí oibre a bhunú le haghaidh tionscadail ríthábhachtacha faoi Ghrúpa Stiúrtha an Chláir OWL, de réir mar is gá. | Seirbhísí AD | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 3.4: Ár rannpháirtíocht le Ranna Rialtais a fheabhsú.

| 3.4. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **10** | Caidreamh leanúnach a chothú le ranna dlí an Stáit agus le gníomhaireachtaí rialtais agus féachaint le bheith in ann eolas a chomhroinnt, líonraí taighde a fhorbairt agus oiliúint a fháil sa dlí. | OCDP | R4 |
| **11** | Leanúint den chomhoibriú chun an fhaisnéis a roinneann Ranna Rialtais le OBP a fheabhsú d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'obair chostála, obair thaighde, agus tuairisciú míosúil ar chaiteachas. | OBP | R4 |
| **12** | Leanúint de roghanna maidir le comhéadan dátheangach a fhorbairt agus a chur i ngníomh do Ranna Rialtais agus comhlachtaí a dteastaíonn saoráidí den sórt sin uathu chun a bhfreagrachtaí Oireachtais a chomhlíonadh:<br>• Déanfar plé ar chomhéadain dhátheangacha do chórais ríthábhachtacha, lena n-áirítear Reachtra. | Rannóg an Aistriúcháin<br>*TFC* | R4 |
| **13** | Oibriú leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun uasmhéadú a dhéanamh ar an méid ábhair tacaíochta ríomhaistriúcháin atá ar fáil. | Rannóg an Aistriúcháin | R4 |
| **14** | A éascú do na Ranna leaganacha Gaeilge de dhoiciméid a sholáthar a bhaineann le toghcháin, m.sh. eascairí toghcháin, fógraí, leabhráin faisnéise um reifrinn, srl. | Rannóg an Aistriúcháin | R4 |
| **15** | Dul i gcomhpháirt leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i bhfeachtais earcaíochta. | Seirbhísí AD<br>*Rannóg an Aistriúcháin* | R4 |
| **16** | Leanúint de rannpháirtíocht/chomhoibriú le Líonra Oifigigh Chosanta Sonraí, an Lár-Aonad Beartais um Shaoráil Faisnéise faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gasraí oibre idir-rannacha ó OGCIO le eFOI agus eDocs chun ár dtaithí féin a chomhroinnt, cur chuige seasmhach a chinntiú i leith comhlíontacht, agus chun cur le forbairt córas. | SLaT<br>(An tAonad Bainistithe Taifead) | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 3.5: Ár gcaidreamh leis an Aontas Eorpach, leis an Ríocht Aontaithe agus caidreamh idirnáisiúnta eile a neartú.

| 3.5. | Gníomhaíocht | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Ár gcaidreamh idirnáisiúnta a neartú:<br>• Ár mBeartas Prótacail a athbhreithniú agus a chur i ngníomh.<br>• Ár sraith comhdhálacha ardleibhéil idirnáisiúnta agus idirpharlaiminteacha atá beartaithe a chur i gcrích, lena n-áirítear an 22ú Cruinniú de Thionól Parlaiminteach ESCE 2024 (R3) san fhómhar.<br>• Tacú le pleanáil ag leibhéal parlaiminteach agus é a chur i ngníomh do chéad Uachtaránacht AE eile na hÉireann (bliantúil).<br>• Ár rannphairtíocht pharlaiminteach le heagraíochtaí idirnáisiúnta, eagraíochtaí AE agus parlaimintí náisiúnta a neartú agus a fheabhsú.<br>• An córas maidir le cairdeas parlaiminteach a chur chun cinn agus a chothú.<br>• Rannpháirtíocht Coistí Oireachtais le comhghleacaithe idirnáisiúnta a éascú. | Teagmháil agus Prótacal Parlaiminte Idirnáisiúnta | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 3.5: Ár gcaidreamh leis an Aontas Eorpach, leis an Ríocht Aontaithe agus caidreamh idirnáisiúnta eile a neartú.

| 3.5. | Gníomhaíocht | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **2** | Leanúint d'ár straitéis rannpháirtíochta AE a fhorbairt agus d'imeachtaí gaolmhara a chur i ngníomh ag obair tríd an ngrúpa stiúrtha rannpháirtíochta AE. | Na Coistí<br>Ionadaí Náisiúnta AE<br>SLaT Idirpharlai-minteach<br>OBP | R4 |
| **3** | Leanúint dár gcomhoibriú le parlaimintí dátheangacha eile:<br>• Collóiciam bliantúil an Oireachtais ar Pharlaimintí Dátheangacha a chothabháil agus a fhorbairt. | Rannóg | R4 |
| **4** | Leanúint de chaidreamh a fheabhsú le seirbhísí Tuairisce Oifigiúla i bparlaimintí agus i dtionóil eile tríd an gCumann Tuairiscithe Parlaiminte de chuid na Breataine agus na hÉireann, Cumann Hansard i gCeanada agus trí aonaid Tuairisce Oifigiúla i roinnt reachtas eile. | Oifig na nDíospóireachtaí | R4 |
| **5** | Páirt a ghlacadh i malartuithe foirne le foireann Tuairisce Oifigiúla na nDíospóireachtaí ó pharlaimintí agus ó thionóil eile. | Oifig na nDíospóireachtaí | R4 |
| **6** | Leanúint d'ár gcaidreamh leis an bhfeidhm sainfhála i dTeach na dTeachtaí sa Ríocht Aontaithe agus i dTionól Thuaisceart Éireann a fhorbairt, go áirithe agus muid ag bogadh i dtreo sainfháil néalbhunaithe. | Sainfháil | R4 |
| **7** | Leanúint d'infheistíocht a dhéanamh inár gcaidreamh leis an gCoimisiún Eorpach, leis an tionscal náisiúnta agus le FBManna lena chinntiú go ndéantar treoir agus dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn a thabhairt isteach i bhfeidhm sainfhála Thithe an Oireachtais. | Sainfháil | R4 |
| **8** | Leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta maidir lenár gcaidreamh le LETDP:<br>• Comhdháil Bhliantúil Idirnáisiúnta Chomhfhreagraithe LETDP a sheachadadh (Fómhar 2024).<br>• Ár róil mar Chomhfhreagraí Parlaiminteach agus mar Leas-Chomhfhreagraí LETDP a chomhlíonadh.<br>• Freagraí an Oireachtais ar fhiosruithe LETDP ó pharlaimintí eile a chomhordú.<br>• LETDP a chur chun cinn mar uirlis don taighde parlaiminteach. | SLaT (Seirbhís Taighde Pharlai-minteach) | R4 |
| **9** | Sonraí an Oireachtais a chothabháil i mbunachar sonraí Parline an Aontais Idirpharlaimintigh agus páirt a ghlacadh i dtuairiscí agus tionscadail pharlaiminteacha an Aontais Idirpharlaimintigh. | SLaT (Seirbhísí Taighde Pharlaimintigh) | R4 |
| **10** | Líonraí a forbraíodh le státseirbhísigh pharlaiminteacha le linn comhdhálacha idirnáisiúnta a chothabháil agus a threisiú, go háirithe Fóram Idirnáisiúnta na Rialtóirí Parlaiminteacha, maidir leis na córais um Liúntais do Chomhaltaí agus nithe gaolmhara. | IIF | R4 |
| **11** | Beidh Acmhainní Daonna do Chomhaltaí ag gabháil do Chruinnithe Líonra Parlaiminteacha míosúla agus ag glacadh páirt iontu ar líne lena gcomhghleacaithe i bparlaimintí Thuaisceart Éireann agus na Ríochta Aontaithe. | AD do Chomhaltaí | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 3.5: Ár gcaidreamh leis an Aontas Eorpach, leis an Ríocht Aontaithe agus caidreamh idirnáisiúnta eile a neartú.

| 3.5. | Gníomhaíocht | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **12** | Caidreamh leanúnach le parlaimintí eile agus a n-oifigí dlí a chothú agus a fhorbairt, mar shampla, trí rannpháirtíocht i dtionscadail *InterPares*, cláir chomhroinnte eolais LETDP agus an Chomhdháil Idirpharlaiminteach Bhliantúil d'Aturnaethe de chuid na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann. | OCDP<br>*Foireann Rannpháir-tíochta Pobail*<br>*An Mheitheal Meán Sóisialta*<br>*Seirbhísí AD*<br>*Oifig na nDíospóireachtaí* | R4 |
| **13** | Páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha dlíthiúla, cláir mhalartaithe agus cúrsaí arna n-óstáil ag institiúidí nó parlaimintí eile de chuid AE agus ábhar a chur isteach i bhfoilseacháin iomchuí. | OCDP | R4 |
| **14** | Páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha eacnamaíocha, cláir mhalartaithe agus cúrsaí arna n-óstáil ag institiúidí agus parlaimintí eile. | OBP | R4 |
| **15** | Leanúint de theagmháil a bheith againn le hinstitiúidí eacnamaíocha agus aonaid ghrinnscrúdaithe bhuiséadacha eile, lena n-áirítear tríd an Líonra Faisnéise Airgeadais Idirpharlaiminteach (LFAI) agus an líonra Institiúidí Fioscacha Neamhspleácha de chuid ECEF. Teagmháil a dhéanamh le parlaimintí eile agus le grúpaí idirpharlaiminteacha maidir le tionscnaimh iomchuí. | OBP | R4 |
| **16** | Caidreamh le seirbhísí aistriúcháin parlaiminteacha eile a athnuachan agus a neartú. | Rannóg | R4 |
| **17** | Tacaíocht a thabhairt do Thionól Thuaisceart Éireann maidir lena sheirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta Gaeilge a fhorbairt. | Rannóg | R4 |
| **18** | Caidreamh a chothú le haonaid Ghaeilge a thugann tacaíocht do Pharlaimint na hEorpa, do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don Choimisiún Eorpach d'fhonn próisis aistriúcháin agus ateangaireachta a shainaithint, lena n-áirítear úsáid na teicneolaíochta digití, a rachadh chun tairbhe do Sheirbhís Thithe an Oireachtais. | Rannóg | R4 |
| **19** | Leanúint le Céim 2 de Thionscadal Taighde na bParlaimintí Dátheangacha chun cur ar chumas Sheirbhís Thithe an Oireachtais naisc úsáideacha a fhorbairt. | Rannóg | R4 |
| **20** | Caidreamh idirnáisiúnta a chothú trí rannpháirtíocht i gcruinnithe de chuid Chomhlachas na Seanad Eorpach. | Oifig an tSeanaid<br>*Oifigeach Prótacail* | R4 |
| **21** | Rannpháirtíocht le Parlaimint na hEorpa a chothú trí Chomhaltaí Éireannacha de Pharlaimint na hEorpa do thabhairt aitheasc do Sheanad Éireann. | Oifig an tSeanaid<br>*Idirpharlai-minteach* | R4 |
| **22** | Caidreamh le tionscnaimh for-rochtana poiblí agus rannpháirtíochta i bparlaimintí eile a fhorbairt agus a chothú. | Foireann Rannpháir-tíochta Pobail<br>Oifig Oideachais | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 3.6: Tacaíocht a thabhairt do sheachadadh na Straitéise um Dhícharbónú san Earnáil Phoiblí, an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2021, agus do chur i ngníomh tionscanamh bithéagsúlachta.

| 3.6. | Gníomhaíocht | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | *An Straitéis Inbhuanaitheachta* de chuid na Seirbhíse a fhoilsiú:<br>• An Straitéis a ailíniú le plean straitéiseach nua na Seirbhíse le haghaidh 2025-2027.<br>• Teagmháil a dhéanamh le Pobal an Oireachtais.<br>• Cuspóirí straitéiseacha agus téamaí Inbhuanaitheachta a bhunú.<br>• Mol um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhunú. | Inbhuanaith-eacht agus Sábháilteacht | R4 |
| **2** | Tionscnaimh inbhuanaitheachta a sheachadadh:<br>• Bonnlíne feidhmíochta thar téamaí inbhuanaitheachta a bhunú.<br>• Plean bainistíochta dramhaíola nua a sheachadadh.<br>• Oibriú le OOP chun tionscnaimh bhithéagsúlachta a sheachadadh.<br>• 'Taisteal Cliste' a chur chun cinn agus a éascú.<br>• Úsáid uisce ar fud an champais a athbhreithniú agus a laghdú.<br>• Tionscnaimh inbhuanaitheachta a chomhordú le lónadóireacht, AD agus sainfháil.<br>• Oiliúint a éascú do bhainisteoirí sinsearacha chun an inbhuanaitheacht a leabú ar fud na n-aonad go léir.<br>• Obair Fhoireann Ghlas an Oireachtais a éascú agus a bhainistiú. | Inbhuanaith-eacht agus Sábháilteacht<br>ABS | R4 |
| **3** | Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide a fhoilsiú, ina leagfar amach an tslí a mbainfimid amach ár spriocanna maidir le dícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh:<br>• Ceardlanna rannpháirtíochta foirne a reáchtáil (le béim ar astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh agus ar lorg carbóin na heagraíochta a laghdú).<br>• Tionscadail oibríochtúla agus caipitil a shainaithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh, i gcomhar le OOP.<br>• Conair a bhunú i dtreo ár spriocanna.<br>• Leanúint d'úsáid fuinnimh agus d'astaíochtaí a laghdú. | Inbhuanaith-eacht agus Sábháilteacht<br>ABS<br>*Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)* | R1 |
| **4** | Córas bainistíochta fuinnimh deimhnithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme. | Inbhuanaith-eacht agus Sábháilteacht | R4 |

# Toradh Straitéiseach 4 – I dTreo Oireachtas Dátheangach

## Sprioc Straitéiseach 4.1: Leanúint dár gcumas cibearshándála a chur chun cinn.

| 4.1. | Gníomhaíocht | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Leanúint leis an gclár oibre a eascraíonn as an *Straitéis Cibearshlándála* fhormheasta a chur i ngníomh chun Tithe an Oireachtais agus pobal an Oireachtais a chosaint ar chibearbhagairtí. | TFC | R4 |
| **2** | Lárionad oibríochtaí slándála a bhunú.<br>• Foireann slándála inmheánach a earcú a bheidh dírithe ar gach gné de chibearshlándáil an Oireachtais a láimhseáil.<br>• Bainistíocht bagairtí agus leochaileachtaí a sheachfhoinsiú. | TFC | R4 |
| **3** | Beartais slándála agus néalríomhaireachta a fhorbairt chun athléimneacht a fheabhsú i dtreo an t-Oireachtas a chosaint. Forbrófar na beartais sin mar chuid den straitéis cibearshlándála. | TFC | R4 |
| **4** | Leanúint den Chlár Oiliúna Cultúir agus Feasachta Cibearshlándála a chur i ngníomh:<br>• Clár Feasachta Slándála a chur i ngníomh chomh maith le póstaeir agus físeáin faisnéise a chur ar fáil. Cuspóir agus raon feidhme an chláir feasachta a chur in iúl do gach úsáideoir.<br>• Cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann bainisteoirí sinsearacha agus le gach tríú páirtí maidir lena róil agus a bhfreagrachtaí.<br>• Anailís a dhéanamh ar an mbearna scileanna chun tuiscint a fháil ar scileanna agus nósanna phobal an Oireachtais agus an t-eolas sin a úsáid chun treochlár bonnlíne oideachais a fhorbairt. | TFC<br>*Seirbhísí AD (Oiliúint agus Forbairt)* | R4 |
| **5** | Próisis tuairiscithe maidir le bainistiú cibearphriacail a chur i ngníomh. | TFC | R4 |
| **6** | Gréasán TFC an Oireachtais a athstruchtúrú i dtreo leibhéil roinnte a mhéadú. | TFC<br>*ABS* | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 4.2: Cur i ngníomh an Chláir um Chlaochlú Digiteach a chur chun cinn.

| 4.2. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | An suíomh gréasáin uasghrádaithe www.achtanna.ie a sheoladh, ina gcuirtear tiontuithe oifigiúla ar Achtanna an Oireachtais ar fáil ar mhodh soláimhsithe. | TFC<br>*Rannóg* | R1 |
| | Clár um Oireachtas Digiteach | | |
| **2** | Forbairt iomlán a dhéanamh ar Chomharthaíocht Dhigiteach do Dháil Éireann agus do Sheanad Éireann agus í a chur i ngníomh, lena n-áirítear faisnéis bheo do na Teachtaí ar Áis-Linn maidir le liostaí na gcainteoirí. | TFC<br>Seirbhísí Tí<br>*Oifig an tSeanaid* | R3 |
| **3** | Rith comhuaineach a chur i gcrích, dul beo agus an Córas Gnó Seomra a chur i ngníomh, lena n-áirítear rannpháirtíocht pholaitiúil, rannpháirtíocht le sealbhóirí oifige agus le Cathaoirligh shealadacha chomh maith le rannpháirtíocht le cléirigh chomhairleacha. | *An Fhoireann Gnó Seomra*<br>*TFC*<br>*Seirbhísí Tí* | R2 |
| **4** | An Bainisteoir Gnó Seomra a fhorbairt agus a thástáil:<br>(Céim 1: Míreanna Oibre). | TFC<br>*Na Coistí* | R2 |

| Sprioc Straitéiseach 4.2: Cur i ngníomh an Chláir um Chlaochlú Digiteach a chur chun cinn. | | | |
|---|---|---|---|
| **4.2.** | **Gníomh** | **Ceannaireacht** *Tacaíocht* | **Seachadadh** |
| **5** | Forbairt Bhainisteoir Cúraim na gCoistí a chur i gcrích (Céim 2: Pleanálaí), tástáil próisis gnó agus Míreanna Oibre Chéim 1 agus Pleanálaí Chéim 2 a ullmhú lena gcur i nGníomh. | TFC<br>*Na Coistí* | R4 |
| **6** | Ceanglais maidir le Bainisteoir Cúraim na gCoistí a fhorbairt agus tús a chur leis an bhforbairt (Céim 3: Bainisteoir Doiciméad). | TFC<br>*Na Coistí* | R4 |
| **7** | Fráma a chur ar Bhileog Chléireach na Dála, ar Iris na Dála agus ar mhodúil Teachtaireachtaí agus ceanglais le bailiú do Bhileog Chléireach na Dála agus d'Iris na Dála. | TFC<br>*Seirbhísí Tí*<br>*Oifig na nImeachtaí*<br>*Na Coistí* | R4 |
| **8** | Bailiú ceanglas le haghaidh an chórais CPanna, lena n-áirítear comhéadan Áis-Linn chun deis a thabhairt do na Comhaltaí CPanna a chur isteach agus a rianú. Tús a chur le forbairt na modúl sin. | TFC<br>Seirbhísí Tí<br>Oifig na gCeisteanna | R4 |
| **9** | Tús a chur le ceanglais a bhailiú chun an Bunachar Sonraí um Rianú Fiosraithe agus an Bunachar Sonraí um an tSeirbhís Anailíse Reachtaíochta lena n-áirítear comhéadan de chuid SLaT a ionadú chun deis a thabhairt do Chomhaltaí ceisteanna a chur isteach agus freagraí a rianú. | TFC<br>SLaT | R4 |
| **10** | Tús a chur le ceanglais a bhailiú le haghaidh modúl Áis-Linn maidir le haschuir rúnaireacht na gCoistí. | TFC<br>Na Coistí | R4 |
| **11** | Tús a chur le ceanglais a bhailiú maidir le Bainisteoir Cinntí na gCoistí. | TFC<br>Na Coistí | R4 |
| **12** | Bailiú ceanglas a chur i gcrích maidir le huasdátuithe ar Ghnó na Dála bunaithe ar fhaisnéis bheo ón gCóras Gnó Seomra agus maidir le sásra chun faisnéis faoi shuíonna an tSeanaid a thaispeáint ar Chomharthaíocht Dhigiteach.<br>Na modúil sin a fhorbairt agus a chur i ngníomh. | TFC<br>*Seirbhísí Tí*<br>*Oifig na nImeachtaí*<br>*Oifig an tSeanaid* | R4 |
| **13** | Na modúil atá ann cheana féin a chothabháil agus a fheabhsú go leanúnach. | TFC | R4 |
| **14** | A chinntiú go leanfaidh an Fhoireann Dhigiteach den phróiseas um chlaochlú digiteach a chur chun cinn ar fud an Oireachtais:<br>• Tacú le haonaid ghnó trí bhailiú agus forbairt ceanglas.<br>• BPT ar mhodúil an Oireachtais Dhigitigh a sheoladh agus cabhrú leis.<br>• Cabhrú leis na haonaid ghnó sula dtéann siad beo agus tar éis dóibh dul beo. | TFC | R4 |
| **15** | Cás infheistíochta a fhorbairt d'Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR) maidir le Claochlú Digiteach 2025-2027. | TFC | R2 |
| | An Clár um Shaoránaigh a chur ar an Eolas | | |
| **16** | Leanúint de chomhcheangal Oireachtas.ie le Córas Digiteach an Oireachtais a fhorbairt agus a mhéadú. | TFC<br>*An Mheitheal Gréasáin* | R4 |

| Sprioc Straitéiseach 4.2: Cur i ngníomh an Chláir um Chlaochlú Digiteach a chur chun cinn. | | | |
|---|---|---|---|
| **4.2.** | **Gníomh** | **Ceannaireacht** *Tacaíocht* | **Seachadadh** |
| | **An Clár um Bonn Eolais faoi Dhíospóireachtaí** | | |
| **17** | Cláir Faisnéise na dToghcheantar a fhorbairt agus a fheabhsú:<br>• Cláir Faisnéise na dToghcheantar a sheoladh le sonraí nua ón bPríomh-Oifig Staidrimh.<br>• An céad leagan eile de Chláir Faisnéise na dToghcheantar a fhorbairt. | TFC<br>*Cumarsáid*<br>*SLaT (Seirbhísí Taighde Pharlaimintigh)* | R4 |
| **18** | Fís Dhigiteach nua a fhorbairt do Sheirbhís Leabharlainne agus Taighde Pharlaimintigh an Oireachtais. | *TFC*<br>*Leabharlann an Oireachtais*<br>*Seirbhís Taighde Pharlaimintigh* | R3 |
| | **An Clár Eagraíochta Corparáidí** | | |
| **19** | An tionscadal um Pleanáil Acmhainne Fiontraíochta (an Córas Tacaíochta Corparáideach Comhtháite roimhe seo) a fhorbairt tuilleadh agus a oibríochtú:<br>• Aistrithe teicneolaíochta doláimhsithe le haghaidh Córas Bainistíochta Airgeadais le heisiúint in R1 den bhliain 2024.<br>• Tosaíocht a thabhairt don mhodúl airgeadais a sheachadadh in R4 den bhliain 2024.<br>• Modúl AD le cur i ngníomh sa dara céim. | TFC<br>*Sainfháil*<br>*Airgeadas*<br>*IIF*<br>*ABS*<br>*Seirbhísí AD*<br>*AD do na Comhaltaí* | R4 |
| **20** | An Córas Bainistíochta Cuairteoirí (CBC) a fhorbairt tuilleadh agus a uasghrádú:<br>• Cur i ngníomh iomlán in R1 den bhliain 2024.<br>• Tarlóidh comhcheangal an chórais le Bainisteoir Cúraim na gCoistí díreach ina dhiaidh. | TFC<br>*Maoirseoir* | R4 |
| | **An Clár Bonneagair agus Oibríochtaí** | | |
| **21** | Bord nua rialachais agus cláir a bhunú le haghaidh bord nua a dhéanfaidh tionscadail bhonneagair agus oibríochtaí ar mhórscála a bhainistiú. | TFC | R1 |
| | **Tionscadail a dtugtar tacaíocht TFC dóibh** | | |
| **22** | Bogearraí ríomhaireachta comhaireamh toghcháin an tSeanaid a fhorbairt agus a chur i ngníomh tar éis go ndéanfar é a fhormheas le doiciméad tionscnaimh tionscadail. | Oifig an tSeanaid<br>*TFC* | R4 |
| **23** | Tar éis eisiúint RFT, Córas aitheanta cainte uathoibríoch a chur i ngníomh chun díospóireachtaí sna Seomraí agus sna Seomraí Coiste a thaifeadadh.<br>• Páirtithe leasmhara eile a chuimsiú san obair seo, amhail Rannóg an Aistriúcháin, an tAonad Craolacháin agus an Gréasán. | Oifig na nDíospóireachtaí<br>*TFC* | R3 |
| **24** | Córas Reachtra a fhorbairt chun teacht in ionad an chórais dréachtaithe reachtaíochta atá ann faoi láthair, agus é a chomhcheangal le Córais an Oireachtais Dhigitigh. | Oifig na mBillí<br>*TFC* | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 4.2: Cur i ngníomh an Chláir um Chlaochlú Digiteach a chur chun cinn.

| 4.2. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **25** | Comhoibriú leis an Aonad Cumarsáide agus SLaT chun leathanach Taighde an Oireachtais a bhreithniú agus a fhorbairt:<br>• Beidh an tAonad TFC ag comhoibriú le páirtithe leasmhara Faisnéise agus Taighde chun seirbhísí taighde a fhorbairt thar críochphointí amhail Áis-Linn ar ardán an Oireachtais Dhigitigh agus ar an ngréasán. | OBP<br>*TFC*<br>*An Mheitheal Ghréasáin*<br>*SLaT (Seirbhísí Taighde Pharlaimintigh)* | R4 |
| **26** | Dul i dteagmháil leis an Aonad TFC chun Clár um Chlaochlú Digiteach a fhorbairt do Rannóg an Aistriúcháin.<br>• Eagrófar cruinnithe straitéise míosúla chun réitigh nuálacha ar thionscnaimh faoin gclár dátheangachais a sheachadadh.<br>• Tosaíocht a thabhairt do Chóras Bainistíochta Sreafa Oibre leictreonach saincheaptha don Rannóg. | Rannóg<br>*TFC* | R4 |
| **27** | Bogearraí aistriúcháin a chomhcheangal le tairseach an chórais nóis imeachta, lena n-áirítear Reachtra, Comharthaíocht Dhigiteach agus an Bainisteoir Cúraim. | Rannóg<br>*TFC* | R4 |
| **28** | Oibriú le TFC agus comhpháirtithe seachtracha chun taifead a dhéanamh ar na tiontuithe oifigiúla ar Ionstraimí Reachtúla nach bhfuil ar fáil faoi láthair ach amháin in imleabhair uathúla cheangailte. | Rannóg<br>*TFC* | R4 |
| **29** | Roghanna leictreonacha éifeachtacha a shainaithint agus a ghlacadh chun próisis sreafa oibre Rannóg an Aistriúcháin a chomhcheangal, go háirithe i ndáil le céim tabhairt chun críche/foilsiú na dtiontuithe oifigiúla.<br>• Anailís ar na céimeanna deiridh i bpróiseáil tiontuithe oifigiúla ar Achtanna a chur i gcrích agus deiseanna comhcheangal a aimsiú.<br>• Pléifear é sin mar cheanglas i soláthar bogearraí reachtaíochta | Rannóg<br>*TFC* | R4 |
| **30** | Cláir rianaithe sreafa oibre leictreonacha a fhorbairt le haghaidh na sreafaí oibre a úsáidtear i soláthar seirbhíse na Rannóige:<br>• Eagrófar cruinnithe straitéise míosúla chun réitigh nuálacha ar thionscnaimh faoin gclár dátheangachais a sheachadadh. | Rannóg<br>*TFC* | R4 |
| **31** | Féachaint ar an acmhainneacht agus ar an indéantacht a bhaineann leis an intleacht shaorga a úsáid mar uirlis chun riachtanais ghnó a éascú, mar shampla, obair anailíseach OBP. | OBP<br>TFC | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 4.3: Leanúint de réitigh nuálacha a chur i ngníomh chun ár mbonneagar teicniúil a nuachóiriú i gcomhthéacs múnla oibre cumaisc the.

| 4.3. | Gníomhaíocht | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Cur i gcrích |
|---|---|---|---|
| **1** | Leanúint de spásanna cruinnithe agus oifigí a oiriúnú trí na crua-earraí atá de dhíth don aistriú chuig lucht saothair soghluaiste agus chuig áit oibre cumaiscthe a sheachadadh ar fud an champais. | TFC<br>*ABS* | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 4.3: Leanúint de réitigh nuálacha a chur i ngníomh chun ár mbonneagar teicniúil a nuachóiriú i gcomhthéacs múnla oibre cumaiscthe.

| 4.3. | Gníomhaíocht | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Cur i gcrích |
|---|---|---|---|
| **2** | Leanúint de na réitigh nua Cumarsáidí Aontaithe mar Sheirbhís don Oireachtas a fhorbairt agus a chomhcheangal chun chur leis an aistriú chuig lucht saothair soghluaiste agus áit oibre cumaiscthe.<br>• Ionadú ar an gcóras gutháin atá ann faoi láthair a chur i gcrích agus é a chomcheangal le *Microsoft Teams*.<br>• Tús a chur le haistriú úsáideoirí ón seanchóras chuig an Ardán Cumarsáidí Aontaithe nua. | TFC | R2 |
| **3** | Uirlisí TFC nua-aimseartha a sholáthar chun tacú le comhaltaí agus lena bhfoireann agus iad i mbun a ngníomhaíochtaí parlaiminteacha faoi na 7 gclár den Straitéis um Chlaochlú Digiteach. | TFC | R4 |
| **4** | Gnáthphróisis sna haonaid Airgeadais, Sainfhála agus Tuarastail a uathoibriú a mhéid is indéanta. | Airgeadas, Sainfháil, Tuarastail | R4 |
| **5** | Próisis gan pháipéar a chothú agus a chur chun cinn sna haonaid Airgeadais, Sainfhála agus Tuarastail. | Airgeadas, Sainfháil, Tuarastail | R4 |
| **6** | Doiciméid um Nós Imeachta Oibríochta Caighdeánach a fhorbairt do gach próiseas ar fud na n-aonad. | Airgeadas, Sainfháil, Tuarastail | R4 |
| **7** | Próisis Oifig na mBillí a uasdátú chun spleáchas ar pháipéir a laghdú sa phróiseas profléitheoireachta de réir fhorbairt an chórais Reachtra atá le teacht. | Oifig na mBillí | R4 |
| **8** | Scrúdú a dhéanamh ar an indéantacht agus ar an bhféidearthacht a bhaineann le húsáid fhreagrach na hIntleachta Saorga (IS) i suíomh parlaiminteach trí dhá thionscadal bheaga cruthúnas coincheapa IS a chur i ngníomh. Tús a chur le rannpháirtíocht chun pleanáil do straitéis IS. Tús a chur le plé ar straitéis IS a phleanáil. | TFC | R2 |

## Sprioc Straitéiseach 4.4: Tacaíocht theicniciúil atá freagrúil agus éifeachtach a sholáthar chun athléimneacht agus leanúnachas seirbhíse a chinntiú inár gcórais dhigiteacha.

| 4.4. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Sonraí agus córais a aistriú ina mbonneagar néalbhunaithe (le hardáin slándála) chun freagrúlacht agus tacaíochtaí teicniúla a fheabhsú, lena gcinnteofar go mbeidh feabhas ar athléimneacht agus leanúnachas seirbhíse. | TFC | R4 |
| **2** | Balla dóiteáin a fuarthas don Oireachtas le déanaí a chur i bhfeidhm. | TFC | R1 |
| **3** | Córlasc nua a fháil agus an bonneagar líonra láithreach a ionadú. | TFC | R3 |
| **4** | Réiteach nua um Líonra Limistéir Stórála (SAN) a fháil agus sonraí a aistriú chuige. | TFC | R4 |
| **5** | Leanúint de thacaíochtaí teicniúla a fheabhsú trí shainacmhainní TFC a earcú. | TFC<br>Seirbhísí AD | R4 |

# Toradh Straitéiseach 5 – I dTreo Oireachtas Dátheangach

## Sprioc Straitéiseach 5.1: Leanúint de Phlean Rannóg 2024 a chur i ngníomh trí thiontuithe oifigiúla ar Achtanna an Oireachtais a fhoilsiú ar mhodh tráthúil agus riaráistí stairiúla a ghlanadh.

| 5.1. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar an Straitéis Rannóg 2024 agus straitéis athbhreithnithe a mholadh don Bhord Bainistíochta agus don Choimisiún:<br>• Mar chuid de sin, struchtúr na Rannóige a athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh i dtaobh an struchtúir chuí chun an straitéis a chur i gcrích. | Rannóg | R2 |
| **2** | An dul chun cinn a thuairisciú don Bhord Bainistíochta tríd an bhfaisnéis is déanaí a thabhairt dóibh gach ráithe mar aon le tuairiscí bliantúla ó Choiste Straitéiseach an Oireachtais Dhátheangaigh (CSOD). | Rannóg | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 5.2: Staidéar comparáideach a dhéanamh ar pharlaimintí dátheangacha chun a chumasú dúinn dul i dtreo Oireachtas dátheangach.

| 5.2. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Tuarascáil deiridh agus dréachtphlean gníomhaíochta a chur i láthair don Bhord Bainistíochta lena bplé agus lena gceadú. | Rannóg | R3 |

## Sprioc Straitéiseach 5.3: Méadú de réir a chéile ar an nGaeilge a labhraítear sa dá Theach a éascú.

| 5.3. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Tacú le cur i ngníomh mholtaí an dá ghrúpa stiúrtha um an nGaeilge sa Teach trí fhaireachán agus athbhreithniú leanúnach ón gCoiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála:<br>• Dul chun cinn moltaí a bhfuil formheas polaitiúil ag teastáil ina leith a rianú tríd an gCoiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála agus trí Choiste an tSeanaid um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú. | Rannóg<br>*An Coiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála agus Rúnaireachtaí an Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú de chuid Sheanad Éireann* | R2 |
| **2** | Gluais na mBillí a chothabháil agus a chur chun cinn mar shaoráid do chomhaltaí. | Rannóg | R4 |
| **3** | Téarmaíocht agus frásaíocht dhátheangach agus ghinearálta a eisiúint do chomhaltaí chun a éascú dóibh óráidí a thabhairt i nGaeilge. | Rannóg | R3 |
| **4** | Méadú a dhéanamh ar chumas Oifig na nDíospóireachtaí tuairisciú ar Ghaeilge labhartha sa Dáil, sa Seanad agus i gcruinnithe Coistí. | Oifig na nDíospóireachtaí<br>*Seirbhísí AD* | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 5.3: Méadú de réir a chéile ar an nGaeilge a labhraítear sa dá Theach a éascú.

| 5.3. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **5** | Úsáid uasta de theidil, nósanna imeachta agus tairiscintí dátheangacha a chinntiú sa Tuarascáil Oifigiúil nuair atá ceanglais á bailiú, agus le linn forbairt agus feidhmiú a dhéanamh ar chóras nua na nDíospóireachtaí. | An tAonad TFC *Oifig na nDíospóireachtaí* | R4 |
| **6** | An méid Gaeilge a úsáidtear i nótaí an Cheann Comhairle a mhéadú. | Seirbhísí Tí *Rannóg* | R4 |
| **7** | Doiciméad a chur ar fáil agus a eisiúint don fhoireann ag leagan amach na príomhphrionsabail a bhaineann le hobair in Oireachtas dátheangach. | Rannóg | R4 |
| **8** | Seirbhísí breise ateangaireachta le haghaidh cruinnithe Coistí a chur ar fáil i mbothanna ateangaireachta comhuainí do pháirtithe a ghlacann páirt go cianda i gcruinnithe príobháideacha. | Rannóg<br>Na Coistí<br>TFC | R1 |

## Sprioc Straitéiseach 5.4: An líon comhaltaí foirne dátheangacha sa tSeirbhís a mhéadú de réir a chéile.

| 5.4. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Earcaíocht dhátheangach a thabhairt isteach mar thosaíocht straitéiseach inár straitéis ghinearálta earcaíochta:<br>• Faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar an tionchar ar sheachadadh seirbhísí trí thuairiscí a thabhairt go rialta don Choiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála | Seirbhísí AD<br>Rannóg | R4 |
| **2** | Caighdeáin Teanga an Oireachtais a ghlacadh chun an Scéim Teanga reatha a ionadú, lena n-áirítear gealltanais chun an líon comhaltaí foirne dátheangacha a mhéadú agus tacú leis. | Rannóg | R4 |
| **3** | Aistritheoirí Grád III a earcú ar bhonn bliantúil (ról ina gcuimsítear an t-aistriúchán agus an ateangaireacht). Déanfar earcaíocht don ghrád seo trí chomórtais phoiblí Thithe an Oireachtais ar mhaithe le héifeachtúlacht na hearcaíochta a fheabhsú. | Seirbhísí AD *Rannóg* | R4 |
| **4** | Modúl 'Gairm Bheatha san Oireachtas' do dhaoine dátheangacha a áireamh i gcláir Oideachais For-rochtana an Oireachtais d'iarbhunscoileanna. | Oifig Oideachais *Rannóg* | R4 |

## Sprioc Straitéiseach 5.5: Tionscnaimh a fhorbairt lena dtabharfar tacaíocht do na comhaltaí agus do chomhaltaí foirne a n-inniúlacht sa Ghaeilge labhartha a chothabháil agus a fheabhsú.

| 5.5. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Comhlíonadh Sheirbhís Thithe an Oireachtais le hAcht na dTeangacha Oifigiúla a bhainistiú agus Clár Dátheangachais Sheirbhís Thithe an Oireachtais a chur chun cinn. | Rannóg | R4 |
| **2** | Cúrsaí Gaeilge ar gach leibhéal inniúlachta a sholáthar don fhoireann agus do chomhaltaí. | Seirbhísí AD (Oiliúint agus Forbairt) | R4 |


## Sprioc Straitéiseach 5.5: Tionscnaimh a fhorbairt lena dtabharfar tacaíocht do na comhaltaí agus do chomhaltaí foirne a n-inniúlacht sa Ghaeilge labhartha a chothabháil agus a fheabhsú.

| 5.5. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **3** | Suirbhéanna ar an Scéim Teanga a úsáid chun cumas agus spéis sa Ghaeilge i measc comhaltaí agus comhaltaí foirne a thomhas. | *Rannóg* | R4 |
| **4** | Sraith imeachtaí Gaeilge ar líne do chomhaltaí agus don fhoireann a fhorbairt mar chuid de Straitéis na Gaeilge. | *Rannóg* | R1 |
| **5** | Indéantacht i leith cúrsaí oiliúna a chur ar fáil trí mheáin na Gaeilge a scrúdú. | *Seirbhísí AD (Oiliúint agus Forbairt)* | R4 |
| **6** | Ábhar Gaeilge ar an Tairseach a mhéadú agus a fheabhsú. | An tAonad Cumarsáide agus GOCI | R1 |

## Sprioc Straitéiseach 5.6: Clár um an 'Dátheangachas tríd an Teicneolaíocht' a ghlacadh don tSeirbhís.

| 5.6. | Gníomh | Ceannaireacht *Tacaíocht* | Seachadadh |
|---|---|---|---|
| **1** | Leanúint dá chinntiú go bhfuil gach córas leictreonach a úsáidtear sa tSeirbhís comhoiriúnach go hiomlán leis an nGaeilge, i gcomhréir leis an mbeartas 'Dátheangachas tríd an Teicneolaíocht' arna ghlacadh ag an mBord Bainistíochta. | TFC *Rannóg* | R4 |
| **2** | Leanúint den suíomh Oireachtas.ie a choimeád mar shuíomh gréasáin dátheangach Béarla/Gaeilge agus a chinntiú go ndéantar ábhar i mBéarla a aistriú go tráthúil. | An Mheitheal Gréasáin | R4 |

# Cairt Eagraíochta Sheirbhís Thithe an Oireachtais[1]




[1] Nasc chuig Cairt Eagraíochta reatha Sheirbhís Thithe an Oireachtais